ddletb

Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire

Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board



# Tuarascáil Bhliantúil

2023

## CLÁR NA NÁBHAR


**Fáilte ón gCathaoirleach** .......... 2

**Focal ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin** .......... 1

*..........  4*

***Cuid 1* .......... 5**

**RÁITEAS BHORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA ÁTHA CLIATH AGUS DHÚN LAOGHAIRE** .......... 5

Feidhmeanna Bhord BOO .......... 5
Freagrachtaí an Bhoird .......... 5
Cruinnithe Boird .......... 6
Cruinnithe an Choiste Airgeadais .......... 8
Cruinnithe an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca .......... 8
Bainistíocht Riosca .......... 9
Córas Rialaithe Inmheánaigh .......... 10
Beartas agus Nósanna Imeachta Soláthair .......... 10
Cánachas .......... 11
Ráitis Airgeadais .......... 11

***Cuid 2* .......... 13**

**Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta (TFE)** .......... 13

Foireann na bhFoirgneamh .......... 14
Seirbhísí Corparáideacha .......... 15
Acmhainní Daonna .......... 16
Cúrsaí Airgeadais .......... 16
Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide .......... 18
Achoimre Airgeadais .......... 19

***Cuid 3* .......... 22**

**Breisoideachas agus Oiliúint (BOaO)** .......... 22

Forbhreathnú 2022 – Timpeallacht Oibriúcháin
Deireadh leis an bpaindéim agus leis an gcogadh san Úcráin .......... 22
Forbhreathnú ar Sholáthar BOO 2022 .......... 23

***Cuid 4* .......... 31**

**Bunscoileanna** .......... 31

**Ionad Coinneála agus Suíomhanna Aonad Sainchúraim** .......... 32

**Iar-Bhunscoil** .......... 34

***Cuid 5* .......... 43**

**An tSeirbhís Forbartha Óige agus Spórt** .......... 43

**An tSeirbhís Tacaíochta Síceolaíochta (STS)** .......... 46

**Príomheagraíochtaí a bhfuil caidreamh againn leo** .......... 48

***Aguisíní* .......... 52**

**Aguisín A** .......... 52

**Aguisín B** .......... 55

**Aguisín C** .......... 55

**Aguisín D** .......... 56

**Giorrúcháin ........................................................................................................ 58**

## FÁILTE ÓN GCATHAOIRLEACH

Mar Chathaoirleach ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire tá sé de phribhléid agam Tuarascáil Bhliantúil BOOÁCDL, 2022 a chur i láthair, áit a leagtar amach an réimse cuimsitheach gníomhaíochtaí atá curtha ar fáil ag scoileanna, ionaid agus seirbhísí BOOÁCDL le dhá mhí dhéag anuas.

Tá BOOÁCDL ar cheann de na Boird Oideachais agus Oiliúna is mó in Éirinn agus freastalaímid i gcónaí ar riachtanais na scoláirí agus na bhfoghlaimeoirí, bíodh sé sin ar leibhéal na bunscoile, na hiar-bhunscoile nó an bhreisoideachais. Bhí sé an-tábhachtach do BOOÁCDL tacaíocht a chur ar fáil do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu agus dóibh siúd atá i mbaol an mhíbhuntáiste oideachais i rith 2022, rud atá fós fíor in 2023.

Sa tuarascáil seo, tugtar cuntas ar a bhfuil bainte amach ag an eagraíocht agus leagtar béim ar an tsolúbthacht, seiftiúlacht agus teacht aniar atá léirithe ag an bhfoireann. Mar Chathaoirleach an Bhoird, is mian liom an obair atá déanta ar an tuarascáil bhliantúil seo a mholadh. Gabhaim buíochas leis na comhaltaí uile atá ar Bhord BOOÁCDL, leis an bhfeidhmeannas agus leis an bhfoireann ar fud na heagraíochta, atá fial i gcónaí lena gcuid ama ag obair leis an earnáil oideachais agus oiliúna a fhorbairt sa réigiún seo i rith 2022.

Gabhaim buíochas ó chroí le gach uile dhuine a d'oibrigh agus a oibríonn le BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire agus guím gach ráth oraibh sa bhliain atá amach romhaibh.

Beirigí bua,
Claire Markey
**Cathaoirleach**

## FOCAL ÓN BPRÍOMHOIFIGEACH FEIDHMIÚCHÁIN

Léiríonn Tuarascáil Bhliantúil 2022 iarrachtaí dílse agus éachtaí na mball foirne go léir ar fud BOOÁCDL le linn bliain eisceachtúil eile.

Fuair an Bord tuarascálacha i gcaitheamh na bliana faoin ngníomhaíocht i scoileanna, i gcoláistí, in ionaid agus i seirbhísí, inar tugadh sonraí faoin obair atá déanta ar mhaithe le barr feabhais an teagaisc agus na foghlama a chinntiú ar feadh na bliana i ngach comhthéacs.

Tháinig méadú ar líon na scoláirí sna scoileanna, le 20,647 scoláire scaipthe thar 31 iar-bhunscoil, agus ceithre Ghaelcholáiste san áireamh. Tá 3,288 scoláire inár bpobalscoileanna náisiúnta, idir naoi (9) mbunscoil, dhá (2) scoil ina n-aonaid sainchúraim, pobalscoil náisiúnta speisialta amháin (1), agus scoil amháin (1) atá ina hionad coinneála do leanaí. Tá obair ar siúl ar fud an líonra scoileanna chun tacaíocht ón BOO a áirithiú, agus ó na líonraí príomhoidí, leas-phríomhoidí, oideachas speisialta, DEIS, treoirchomhairleoirí, foghlaim dhigiteach agus gníomhaíochtaí eile um fhorbairt ghairmiúil leantach.

Leanann na Seirbhísí Óige de sheirbhísí a bhainistiú, a mhaoiniú agus tacú leo do 15,344 duine óg sna trí chontae seo a leanas - Fine Gall, Baile Átha Cliath Theas agus Dún Laoghaire/Ráth an Dúin. Rinneadh dul chun cinn in 2022 ar an iarratas ar Music Generation i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara.

Chuir BOOÁCDL breisoideachas agus oiliúint (BOaO) ar fáil do bheagnach 21,215 foghlaimeoir nó 29,451 tairbhí in 2022. D'fhan an líon céanna foghlaimeoirí ar roinnt clár breisoideachais agus oiliúna nó tháinig méadú orthu fiú, mar shampla, cúrsaí iar-Ardteistiméireachta, Printíseachtaí agus Scileanna le Dul Chun Cinn a Dhéanamh, mar gheall ar an éileamh ar dhul chun cinn san oideachas nó ar uasoiliúint agus athoiliúint ghairmiúil. Léiríonn sé sin gairmiúlacht agus freagrúlacht na gcoláistí agus na n-ionad breisoideachais agus oiliúna chun cianfhoghlaim agus foghlaim chumaisc a chur ar fáil go leanúnach.

Cuireadh forbairt ghairmiúil leanúnach ar fáil arís go dian le linn 2022. Bhí an Clár Ceannaireachta do Mhúinteoirí agus an Clár Meáncheannaireachta i measc na gclár a bhí ann. Cuireadh tacaíocht láraithe ar fáil d'fhoghlaimeoirí trí raon seisiún pobail foghlama a bhí mealltach agus idirghníomhach, rud a thacaigh le húsáid ardán TF agus timpeallachtaí fíorúla foghlama á n-urrú ag BOOÁCDL inár gcuid scoileanna, coláistí agus ionad.

Is mór an onóir dom saothar iontach ag breis is 4,000 ball foirne a fheiceáil ó lá go lá, daoine a leanann orthu ag obair le scoláirí, foghlaimeoirí agus cliaint ar bhealaí úrnua, nuálacha i gcónaí.

Admhaítear sa tuarascáil seo freagairt iontach fhoireann uile BOOÁCDL ar riachtanais foghlaimeoirí agus tiomantas na foirne don éiteas agus do na traidisiúin is fearr a bhaineann leis an tseirbhís phoiblí agus leis an teagaisc agus foghlaim i 2022.

D'fhaomh an Bord an Ráiteas Straitéise BOOÁCDL 2022-2026 i mí Dheireadh Fómhair 2022. Gabhaim buíochas leis an mBord as a rannpháirtíocht i bhforbairt na straitéise uaillmhianach seo.

Is mór againn tacaíocht Bhord BOOÁCDL agus muid ag obair chun an tseirbhís is fearr is féidir a chur ar fáil do phobal an BOO seo.

Caitríona Murphy
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

# 1

# Ráiteas Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire

# CUID 1

## RÁITEAS BHORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA ÁTHA CLIATH AGUS DHÚN LAOGHAIRE

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013 agus tá sé freagrach agus cuntasach as stiúradh agus rialú cuí a fheidhmeanna i limistéir údaráis áitiúil Chomhairle Bhaile Átha Cliath Theas, Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus Chomhairle Contae Fhine Gall.

Comhlíonann Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire an Cód Cleachtais do Rialachas Boird Oideachais agus Oiliúna, Ciorclán 0002/2019 ón Roinn Oideachais agus Scileanna. Is é cuspóir an chóid a chinntiú go gcuireann Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire prionsabail an dea-rialachais agus na dea-bhainistíochta i bhfeidhm.

## FEIDHMEANNA BHORD BOO

Is feidhmeanna fhorchoimeádta iad cinntí a ghlacann an Bord agus leagtar amach iad in Alt 12(2) den Acht um an mBord Oideachais agus Oiliúna 2013 agus i gCiorclán 0002/2019 den Chód Cleachtais do Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna, le sceideal iomlán leagtha amach in Aguisín A den Chód. Meastar gur Feidhmiúcháin don Phríomhfheidhmeannach iad cinntí nach bhfuil sonraithe sa Chód. Tá an Bord sásta go ndéanann an Príomhfheidhmeannach feidhmeanna a tharmligean nuair is cuí agus de réir an Achta um Bord Oideachais agus Oiliúna 2013.

## FREAGRACHTAÍ AN BHOIRD

Tá an Bord freagrach as leabhair chuí chuntais a choinneáil, a nochtfaidh, go réasúnta cruinn tráth ar bith, staid airgeadais an Bhoird agus a chuirfidh ar a chumas a chinntiú go bhfuil na Ráitis Airgeadais ag teacht le halt 51 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Tá an Bord freagrach freisin as a chuid sócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Tugann an Bord léiriú iomchuí ar ioncam agus caiteachas an Bhoird agus ar staid ghnóthaí an Bhoird sa Ráiteas Airgeadais Bliantúil.

Agus na cuntais sin á n-ullmhú aige, ceanglaítear ar an mBord na nithe a leanas a dhéanamh:

(a) gnáthpholasaithe cuntasaíochta a fheidhmiú maidir le hullmhú ráitis airgeadais an BOO
(b) breitheanna agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama
(c) aon difríochtaí ábhartha ó na gnáthbheartais chuntasaíochta a chur in iúl agus a mhíniú

Le linn 2022 d'fhaomh an Bord na doiciméid seo a leanas;

- Glacadh na Tuarascála Bliantúla
- Ráitis Airgeadais
- Glacadh an Phlean Seirbhíse
- Rinne sé freastal comhaltaí ar chomhdhálacha a údarú
- Rinne sé talamh nó ús a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt de réir rialacháin RO
- Agus cinntíodh gur coinníodh taifid chruinne ar chruinnithe agus ar chinntí

## CRUINNITHE BOIRD

Tháinig an Bord le chéile sé huaire i rith na bliana, agus leagtar amach sonraí freastail sa tábla thíos.

| Clár Tinrimh & Minicíocht Chruinnithe an Phríomh-Bhoird | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ainm Bhaill an Choiste | Comhlacht ainmnithe | 17 Eanáir 2022 | 28 Feabhra 2022 | 28 Márta 2022 | 20 Meitheamh 2022 | 17 Deireadh Fómhair 2022 | 21 Samhain 2022 | Líon Iomlán na gCruinnithe ar |

| | | | | | | | | Fhreastail siad orthu |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **An Clr. Kazi Ahmed** | Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin | √ | √ | √ | √ | √ | X | 5/6 |
| **An Clr. Michael Clark** | Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin | √ | X | √ | √ | √ | √ | 5/6 |
| **An Clr. Yvonne Collins** | Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas | √ | √ | √ | √ | √ | √ | 6/6 |
| **Ken Farrell** | Comhdháil na gCeardchumann | √ | X | X | X | √ | X | 2/6 |
| **Anne Genockey** | AONTAS | √ | X | √ | √ | √ | X | 4/6 |
| **Daneve Harris** | Cumann Náisiúnta na dTuismitheoirí | √ | √ | √ | √ | X | √ | 5/6 |
| **An Clr. Peter Kavanagh** | Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas | √ | √ | √ | √ | √ | N/B | 5/6 |
| **An Clr. Pamela Kearns** | Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas | √ | √ | √ | X | X | √ | 4/6 |
| **Colm Kilgallon** | AONTAS | √ | √ | X | X | √ | √ | 4/6 |
| **An Clr. Brigid Manton** | Comhairle Contae Fhine Gall | √ | √ | √ | √ | X | √ | 5/6 |
| **Claire Markey** | Baill Foirne | √ | √ | √ | √ | √ | √ | 6/6 |
| **Gerry McGuire** | Chambers Ireland | √ | √ | √ | X | √ | √ | 5/6 |
| **Paul McNally** | Cumann Náisiúnta na dTuismitheoirí | X | X | X | X | √ | √ | 2/6 |
| **An Clr. Joe Newman Cathaoirleach** | Comhairle Contae Fhine Gall | √ | √ | √ | √ | N/B | N/B | 4/6 |
| **An Clr. Ed O'Brien** | Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas | X | X | X | X | X | N/B | 0/6 |
| **Brendan O'Halloran** | Baill Foirne | √ | X | √ | X | √ | √ | 4/6 |
| **An Clr. Una Power** | Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin | X | √ | X | X | X | √ | 2/6 |
| **An Clr. Pamela Conroy** | Comhairle Contae Fhine Gall | X | √ | √ | √ | √ | X | 4/6 |
| **An Clr. Cathal Boland** | Comhairle Contae Fhine Gall | √ | √ | √ | √ | √ | √ | 6/6 |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **An Clr. John Walsh** | Comhairle Contae Fhine Gall | √ | √ | √ | √ | √ | √ | 6/6 |
| **Susan Duffy** | Comhchoiste na mBainisteoirí | √ | X | √ | √ | √ | √ | 5/6 |
| **An Clr. Siobhan Shovlin** | Comhairle Contae Fhine Gall | N/B | N/B | N/B | N/B | X | √ | 1/6 |

## CRUINNITHE AN CHOISTE AIRGEADAIS

Tháinig an Coiste Airgeadais le chéile cúig huaire i rith na bliana, agus leagtar amach sonraí freastail sa tábla thíos.

**Clár Tinrimh & Minicíocht Chruinnithe an Choiste Airgeadais**

| **Comhalta** | | 23 Feabhra 2022 | 24 Márta 2022 | 25 Bealtaine 2022* | 6 Deireadh Fómhair 2022 | 16 Samhain 2022 | Líon Iomlán na gCruinnithe ar Fhreastail siad orthu |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Gerry McGuire (Cathaoirleach)** | Comhalta inmheánach | √ | √ | √ | √ | √ | 5/5 |
| **Catherine Doran** | Comhalta Seachtrach | √ | √ | √ | X | √ | 4/5 |
| **Catherine Bruen** | Comhalta Seachtrach | √ | √ | √ | √ | X | 4/5 |
| **Colm Kilgallon** | Comhalta inmheánach | √ | √ | √ | √ | √ | 5/5 |
| **Claire Markey** | Comhalta inmheánach | √ | √ | √ | √ | X | 4/5 |

*Comhchruinniú den Choiste Airgeadais agus den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca

## CRUINNITHE AN CHOISTE INIÚCHÓIREACHTA AGUS RIOSCA

Tháinig an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le chéile sé huaire i rith na bliana, agus leagtar amach sonraí freastail sa tábla thíos.

**Clár Tinrimh & Minicíocht Chruinnithe an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca**

| Comhalta | | 16 Feabhra 2022 | 23 Márta 2022 | 24 Márta 2022 | 25 Bealtaine 2022* | 21 Meán Fómhair 2022 | 30 Samhain 2022 | Líon Iomlán na gCruinnithe ar Fhreastail siad orthu |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Alan Connolly** | Comhalta Seachtrach | √ | X | X | √ | √ | √ | 4/6 |
| **Gillian Doherty (Cathaoirleach)** | Comhalta Seachtrach | √ | √ | √ | √ | √ | √ | 6/6 |
| **An Clr. Kazi Ahmed** | Comhalta inmheánach | √ | √ | √ | √ | √ | √ | 6/6 |
| **An Clr. Joe Newman** | Comhalta inmheánach | √ | √ | √ | √ | √ | √ | 6/6 |
| **Daneve Harris** | Comhalta inmheánach | √ | √ | √ | √ | √ | √ | 6/6 |
| **Áine Murphy** | Comhalta Seachtrach | N/B | N/B | N/B | √ | √ | √ | 3/6 |
| **An Clr. Cathal Boland** | Comhalta inmheánach | N/B | N/B | N/B | N/B | N/B | √ | 1/6 |
| **An Clr. Michael Clark** | Comhalta inmheánach | N/B | N/B | N/B | N/B | N/B | X | 0/6 |

*Comhchruinniú den Choiste Airgeadais agus den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca

## BAINISTÍOCHT RIOSCA

Déanann an Bord maoirseacht leanúnach ar an mbainistíocht riosca agus dearbhaíonn sé go ndearna sé measúnú ar na príomhrioscaí BOOÁCDL, ar na bearta maolaithe lena mbaineann agus go bhfuil athbhreithniú déanta aige ar éifeachtacht na mbeart sin in 2022. Déanann an Bord bainistíocht ar riosca don

eagraíocht trí chlár bainistíochta riosca struchtúrtha. Tugann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca cúnamh don

Bhord ina fheidhm bainistíochta riosca. Braitheann an Bord freisin ar an Aonad Iniúchta Inmheánaigh (AII) agus ar a thuarascálacha, ar iniúchadh bliantúil an ARCC agus ar aon Iniúchadh seachtrach ar nós iniúchadh CSTE (Ciste Sóisialta na hEorpa) agus nó Iniúchadh Ioncaim. Ina theannta sin, déantar athbhreithniú ar Rialuithe Inmheánacha ar bhonn bliantúil. Is mír sheasta í Bainistíocht Riosca ag gach cruinniú Boird agus áirítear na nithe seo a leanas le breithniú:

- Tuarascálacha riosca ón mbainistíocht shinsearach lena n-áirítear an Príomhoifigeach Riosca (CRO)
- Tuarascálacha an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca
- Athruithe ar rátáil riosca
- Clár Iniúchóireachta

Tá sonraí ar na príomhrioscaí agus na bearta nó na straitéisí maolaithe a bhaineann leo san áireamh san SIC, mar chuid de na ráitis airgeadais iniúchta a fhoilseofar laistigh de mhí amháin, tar éis iad a fháil ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus mar aguisín leis Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh.

## CÓRAS RIALAITHE INMHEÁNAIGH

Deimhníonn an Bord go bhfuil athbhreithniú déanta ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh agus ar an Ráiteas um Rialú Inmheánach, atá faoi réir athrú go dtí go mbeidh an t-iniúchadh seachtrach críochnaithe, arna chur san áireamh sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla i leith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2022 a fhoilseofar laistigh de mhí amháin tar éis í a fháil ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus mar aguisín le Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh arna cur faoi bhráid an Aire.

## BEARTAS AGUS NÓSANNA IMEACHTA SOLÁTHAIR

Deimhníonn an Bord go bhfuil an eagraíocht ag cloí leis na gnéithe ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí agus dearbhaíonn sé go gcloítear leis an mbeartas agus nósanna imeachta soláthair ábhartha agus le forbairt agus le cur i bhfeidhm an Phlean Soláthair Chorparáidigh.

## CÁNACHAS

Deimhníonn an Bord gur chomhlíon an BOO lena ndualgais faoin dlí cánach.

## RÁITIS AIRGEADAIS

Tá na Ráitis Airgeadais Bhliantúla do na blianta dar críoch an 31 Nollaig 2022 agus an 31 Nollaig 2021 faoi réir a n-iniúchta ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (ARCC) tráth a bhfoilsítear Tuarascáil Bhliantúil 2022. Foilseoidh an BOO na ráitis airgeadais iniúchta a luaithe is indéanta tar éis don ARCC iad a shíniú.

Tá sonraí airgeadais maidir leis na nithe seo a leanas san áireamh sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla:

- Mionsonraí na dtáillí nach mbaineann le tuarastal a íocadh i leith Comhaltaí Boird, arna anailísiú de réir catagóire táillí
- Mionsonraí comhiomlán cúitimh na bpríomhbhainistíocht, arna anailísiú de réir na gcatagóirí seo a leanas, lena n-áirítear cúiteamh bainistíochta san iomlán;
    - Tuarastail agus sochair ghearrthéarmacha fostaithe
    - Sochair iarfhostaíochta
    - Sochair foirceanta
- Cúiteamh don phríomhfhoireann bainistíochta, más ann dóibh;
- Sonraí ar líon na bhfostaithe a raibh a sochair fostaithe iomlána (gan chostas pinsin fostóra san áireamh) don tréimhse tuairiscithe idir €0 agus €59,999 agus laistigh de gach banda pá €10,000 agus €60,000 nó níos mó, agus figiúr foriomlán do

# 2

## TACAÍOCHT AGUS FORBAIRT EAGRAÍOCHTA (TFE)

Cuireann Foireann Tacaíochta agus Forbartha na hEagraíochta na seirbhísí neamhfhoghlama sin ar fáil atá riachtanach chun cuidiú le hoideoirí agus oiliúnóirí díriú ar sheirbhísí díreacha a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí lena chinntiú go mbeidh tréimhse foghlama ardchaighdeáin acu.

Tá cúig chroí-roinn ann a chuireann na seirbhísí seo ar fáil. Tá ocht n-aonad fheidhmiúla ann san iomlán agus sainchúram leathan ag gach ceann acu. Tá na haonaid sin riachtanach lena chinntiú go ndéanfar an cód cleachtais do rialachas BOOnna chomhlíonadh agus a chur i bhfeidhm. Ina theannta sin, déanaimid a chinntiú go gcomhlíonann BOOÁCDL na ceanglais faoin réimse fairsing reachtaíochta a imríonn tionchar ar BOOnna.

Oibríonn an Oifig Gnóthaí Poiblí, a fhaigheann tacaíocht ó aonaid fheidhmiúla uile TFE, le scoileanna agus ionaid chun athbhreithniú agus athmheas a dhéanamh ar dhoiciméid agus cleachtais maidir le rialuithe inmheánacha a thacaíonn le caighdeáin agus spiorad an chóid. Táimid tiomanta i gcónaí i dtaobh athbhreithniú a dhéanamh ar phróisis agus ar chórais ghnó atá cheana ann agus i dtaobh cinn nua a shainaithint le seirbhísí a fheabhsú ar bhonn leanúnach. Ina theannta sin, tá an Roinn Oideachais ag tabhairt faoi thionscadail éagsúla ar bhonn náisiúnta a bhaineann leis an earnáil agus a bhfuil tionchar acu ar BOOÁCDL.

D'fhaomh an Bord an Ráiteas Straitéise BOOÁCDL 2022-2026 i mí Dheireadh Fómhair 2022. Is é ár misean straitéiseach ná "seirbhísí agus tacaíochtaí oideachais agus oiliúna ábhartha agus cuimsitheacha ar ardchaighdeán a sholáthar a fhreagraíonn do riachtanais éagsúla ár bhfoghlaimeoirí, ár bpobal agus ár bpáirtithe leasmhara". Mar eagraíocht, táimid meáite ar shármhaitheas agus feabhas leanúnach a bhaint amach toisc gurb é ár bhfís ná "saol daoine a athrú trí fhoghlaim, trí fhorbairt agus trí thacaíocht, rud a chuirfidh ar a gcumas d'fhoghlaimeoirí gaisce a dhéanamh i ndomhan atá ag athrú de shíor". Leis an Ráiteas Straitéise nua, cuirtear leis an dul chun cinn, tiomantas agus nuálaíocht a chonacthas le cúig bliana anuas. Tá cúig chroíluach mar thaca aige;

- Gairmiúlacht
- Sármhaitheas
- Comhionannas
- Meas

- Tacaíocht

## FOIREANN NA BHFOIRGNEAMH

Tá dhá aonad ar leith i Roinn na bhFoirgneamh, is iad sin an tAonad Foirgneamh agus Réadmhaoine agus an tAonad Foirgneamh & Tionscadal Caipitil. Oibríonn na haonaid seo le chéile le raon seirbhísí a sholáthar chun tacú lenár scoileanna agus lenár n-ionaid.

I measc na seirbhísí a chuir an tAonad Foirgneamh agus Réadmhaoine ar fáil in 2022 bhí:

- Tacú leis an bhfoireann theicniúil agus oibriú léi chun tionscadail chaipitil/tionscadail oibreacha samhraidh/agus scéim oibreacha éigeandála a sholáthar
- An riarachán a bhainistiú do gach tionscadal caipitil agus réadmhaoine. A chinntiú go n-eisítear gach íocaíocht
- Seirbhísí tógála riachtanacha a sholáthar, Cothabháil Mheicniúil Leictreach agus dín. Feidhmiú céimneach na seirbhísí sin a bhainistiú
- Gach ábhar réadmhaoine/talún a chur i bhfeidhm de réir threoirlínte na Roinne Oideachais agus an Rialtais
- Léas/ceadúnais a chaibidliú do gach talamh/foirgneamh ábhartha de chuid BOOÁCDL
- Oibriú le gníomhairí tráchtála agus Aturnae chun áitreabh nua léasaithe a shealbhú
- Oibriú trínár dtailte go léir a chlárú leis an Údarás Clárúcháin Maoine
- Comhaontuithe ar leibhéal seirbhíse (SLAs) a sholáthar le comhphátrúin ionad spóirt/Scoileanna
- Na foirgnimh HUB a bhainistiú agus córais TF a chur chun cinn le haghaidh bainistíocht tionscadal laistigh dár Roinn

I measc na seirbhísí a chuir an tAonad Foirgneamh agus Tionscadal Caipitil ar fáil in 2022 bhí:

- Cóiríocht shealadach agus mhodúlach a bhí de dhíth ar Scoileanna a sholáthar, mar shampla CP na Gráinsí, CP Bhaile Brigín, P.S.N Thamhlachta agus P.S.N an Mhóinéir Leathain
- Dul chun cinn agus soláthar foirgneamh nua caipitil ar mhórscála agus síntí riachtanacha a bhainistiú, mar shampla CP Leamhcáin, CP Bhaile Brigín, Gaelcholáiste Reachrann agus CP Pháirc Bhaile Uí Choileáin
- Oibriú ar gach obair ar ionaid Oiliúna Breisoideachais (FET) a chur chun cinn agus a sheachadadh, lena n-áirítear príomhchaipiteal, oibreacha éigeandála agus deisiúcháin ghinearálta

- Oibriú ar gach iarratas ar mhórthionscadail chaipitil agus ar mhionthionscadail chaipitil, maidir le hiarratais a mhaoirsiú agus iarratais ar mhaoiniú a chur chun cinn
- Mionteagaisc a dhearadh agus oibriú ar dhearadh foirgnimh atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo
- Scéim oibreacha samhraidh/tionscadail scéime oibreacha éigeandála
- Gach deisiúchán agus cothabháil na n-oibreacha a bhfuil gá leo le haghaidh scoileanna/coláistí agus ionaid FET
- Oibriú ar straitéis agus le BOOÉ do gach foirgneamh agus ionad chun oibriú i dtreo plean nua um Ghníomhú ar son na hAeráide de réir riachtanais fuinnimh an SEAI/an rialtais

## CÓD CAITEACHAIS PHOIBLÍ

Thacaigh Grúpa Dearbhaithe Cáilíochta BOOÁCDL (Grúpa DC), i gcomhréir le Ciorclán 13/13 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus le ciorclán nuashonraithe 18/19, le BOOÁCDL maidir le tionscadail/cláir chaipitil a bhreithmheas, a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú. Tá ceathrar ball sa ghrúpa a fhaightear ón Aonad Bainistíochta Cisteáin & Soláthair, an tAonad Íocaíochtaí, an Oifig Gnóthaí Poiblí agus an Stiúrthóir TFE.

## SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

Cabhraíonn Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha leis an eagraíocht a chinntiú go gcomhlíontar roinnt riachtanas rialála agus reachtaíochta agus tacaíonn sí le soláthar seirbhísí sna príomhréimsí seo a leanas: -

- Seirbhísí Custaiméara
- Cosaint Sonraí
- Saoráil Faisnéise
- Cúnamh Deontais do Ghrúpaí
- Sábháilteacht agus Sláinte
- Árachas agus Riosca
- Dlí
- Na Meáin agus Brandáil
- Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003
- Bainistíocht Beartas
- Pátrúnacht Scoile agus an Próiseas Dídhílsithe
- Oiliúint
- Rialachas Corparáideach

## ACMHAINNÍ DAONNA

Is éard atá sa Roinn Acmhainní Daonna ná Bainistíocht Seirbhísí AD agus Bainistíocht Oibríochtaí AD ag obair le chéile chun tacú le feidhm Acmhainní Daonna an BOOÁCDL.

Tacaíonn an Roinn Acmhainní Daonna le foireann BOOÁCDL sna réimsí seo a leanas:

- Pleanáil agus Leithdháileadh Foirne
- Seirbhísí Earcaíochta
- Conradh Fostaíochta
- AD MIS (Córas Faisnéise Bainistíochta) - riarachán CoreHR, CorePortal agus PTTCF
- Párolla
- Bainistíocht Tinrimh
- Leas & Sochair Fostaithe
- Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána
- Seirbhísí Pinsin
- Oiliúint agus Forbairt Foirne
- Caidreamh Fostaithe
- AD/Pá/Rialachas Pinsin agus Comhlíonadh Rialála.

Baill Foirne agus Párolla

| Bliain | Líon na bhFostaithe | Costas Párolla |
|---|---|---|
| 2019 | 4,036 | €143,440,782 |
| 2020 | 3,838 | €150,609,050 |
| 2021 | 4,210 | Faoi réir iniúchta. Beidh sé le feiceáil ar ár suíomh gréasáin |
| 2022 | 4487 | Faoi réir iniúchta. Beidh sé le feiceáil ar ár suíomh gréasáin |

## CÚRSAÍ AIRGEADAIS

Tá dhá rannóg sa Roinn Acmhainní Airgeadais, an Rannóg Íocaíochtaí agus an Rannóg um Bainistiú Cisteáin agus Soláthar.

Rinneadh tuilleadh forbartha ar sheirbhísí mar chuid de leathadh amach an ghrúpa cobhsaíochta ar chórais SUN Financials le linn na bliana leis an tSeirbhís Gnó Chomhroinnte Oideachais (SGCO). Rinneadh an Córas um Íocaíochtaí faoi Chonradh a fhorbairt nuair a aistríodh chuig Córas Bainistíochta Airgeadais amháin.

Lean an Rannóg Íocaíochta ar aghaidh ag tacú le gach scoil agus ionad i rith na bliana sna réimsí seo a leanas:

- Creidiúnaithe
- Íocaíochtaí Foghlaimeoirí
- Párolla Printíseachta
- Taisteal agus Cothú
- Ceannach le haghaidh Ionaid Oiliúna

## ÍOCAÍOCHTAÍ LE CREIDIÚNAITHE

| Cur síos | Luach in 2020 | Luach in 2021 | Luach 2022 |
|---|---|---|---|
| **Líon na nIdirbheart** | 29,161 | 31,977 | 39,610 |
| **Luach iomlán an chaiteachais neamhphá** | €59,959,238.82 | Faoi réir iniúchta. Beidh sé le feiceáil ar ár suíomh gréasáin | Faoi réir iniúchta. Beidh sé le feiceáil ar ár suíomh gréasáin |

## ÍOCAÍOCHTAÍ (IONAID OILIÚNA) FOGHLAMA

| | Líon íocaíochtaí in 2020 | Líon íocaíochtaí in 2021 | Líon íocaíochtaí in 2022 |
|---|---|---|---|
| TAPS DN/DW | 11,035 | | |
| TAPS DS | 9,925 | | |
| *Printísigh | 4,082 | 5,310 | 7,881 |
| **Foghlaimeoirí | 8,177 | 18,227 | 29,418 |
| IOMLÁN | **33,219** | **23,537** | **37,299** |

* Íoctar printísigh gach coicís.

** Bhí foghlaimeoirí TAPS ó 2020 i measc na bhfoghlaimeoirí in 2021. Ós rud é go raibh Covid-19 ann, cuireadh cúrsaí ar fáil ar líne agus ní raibh aon íocaíocht le déanamh le foghlaimeoirí do na cineálacha cúrsaí seo.

## SDOG/ÓGTHEAGMHÁIL

| | Líon íocaíochtaí in 2020 | Líon íocaíochtaí in 2021 | Líon íocaíochtaí in 2022 |
|---|---|---|---|

| | | | |
|---|---|---|---|
| Socrúchán Oibre CPCC | 620 | 189 | 48 |
| Liúntais SDOG | 11,493 | 9,276 | 1781 |
| Liúntais Ógtheagmhála | 11,465 | 9,851 | 1363 |
| IOMLÁN | **23,578** | **19,316** | **3,192** |

* Tá CPCC agus VTOS(Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais)/Ógtheagmháil san áireamh i bhfigiúirí Foghlaimeoirí ó Mhárta 2022.

Lean an Rannóg Bainistíochta Cisteáin & Soláthair ag tacú le scoileanna agus ionaid sna réimsí seo a leanas:

- Baincéireacht,
- Buiséadú,
- Tuairisciú airgeadais,
- Soláthar.

Chuir an tAonad Bainistíochta Cisteáin an méid a leanas ar fáil freisin:

- Tuairisciú airgeadais,
- Éilimh ar CSTE a bhainistiú,
- Iniúchtaí AE, ARCC agus AII a chomhordú,
- An ráiteas airgeadais bliantúil a chur i dtoll a chéile.

- Lean an fhoireann soláthair ag tacú le scoileanna agus le hionaid chun earraí agus seirbhísí a sholáthar lena n-úsáid i mBOOÁCDL. I measc na seirbhísí a chuireann an tAonad seo ar fáil tá:
- Earraí agus seirbhísí a fháil ar aon dul le beartais agus nósanna imeachta.
- Conarthaí a bhainistiú.
- Idirchaidreamh le BOOÉ, OSR agus SSO i ndáil le creataí náisiúnta.
- Oiliúint.

Tá BOOÁCDL ag obair i gcónaí ar a fhreagrachtaí go léir maidir le rialacháin soláthair a chomhlíonadh.

## ANAILÍS AR NEAMHCHOMHLÍONADH

| Bliain | Luach |
|---|---|
| 2018 | €3,300,102 (Gan CBL san áireamh) |
| 2019 | €2,405,596 (Gan CBL san áireamh) |
| 2020 | €2,165,111 (Gan CBL san áireamh) |
| 2021 | Faoi réir iniúchta. Beidh sé le feiceáil ar ár suíomh gréasáin |
| 2022 | Faoi réir iniúchta. Beidh sé le feiceáil ar ár suíomh gréasáin |

## TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE

In 2022 rinneadh malartú ó mhúnla hibrideach nó cianfhoghlama, go teagasc agus foghlaim a bhí go hiomlán sa seomra ranga.

Lean an rannóg TFC ar aghaidh ag díriú ar thacú le teagasc agus foghlaim, chomh maith le riarachán agus rialachas gaolmhar ar fud ár scoileanna, ár gcoláistí, ár n-ionaid agus ár seirbhísí BOO.

Oibríonn an rannóg TFC go dlúth lena comh-rannóga OSD (Soláthar Bogearraí Ar Líne) thar raon seirbhísí agus tacaíochtaí lena n-áirítear:

- Bonneagar, a shuiteáil agus a bhainistiú
- Saolré úsáideoirí ar fud ardáin BOOÁCDL a bhainistiú
- Conarthaí agus creataí TFC a bhainistiú
- Réitigh TFC a sholáthar le fócas ar thacaíocht do thionscnaimh oifigeach foghlama agus forbartha digiteacha
- Príomhábhair imní slándála lena n-áirítear téarnamh ó thubaiste, bogearraí éirice agus cosaint sonraí a bhainistiú.

## ACHOIMRE AIRGEADAIS

Tá BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire á chistiú go príomha ag an Roinn Oideachais chun a bhunscoileanna agus a scoileanna dara leibhéal a sholáthar.

Maoiníonn SOLAS agus an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (DFHERIS) cláir bhreisoideachais agus oiliúna.
In 2022, fuarthas cistiú le haghaidh tionscadail áirithe ó ranna agus gníomhaireachtaí eile Rialtais freisin, lena n-áirítear:

- An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.
- An Roinn Coimirce Sóisialaí.
- An Roinn Sláinte.
- Coimisiún na Scrúduithe Stáit.
- An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí.
- Pobal.

- Tusla.
- Comhairle Contae Fhine Gall.

Tá na Ráitis Airgeadais Bhliantúla do na blianta dar críoch an 31 Nollaig 2022 agus an 31 Nollaig 2021 faoi réir a n-iniúchta ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (ARCC) tráth a bhfoilsítear Tuarascáil Bhliantúil 2022. Foilseoidh an BOO na ráitis airgeadais iniúchta a luaithe is indéanta tar éis don ARCC iad a shíniú.

# 3

Ráiteas Se e:
isoid agus

## BREISOIDEACHAS AGUS OILIÚINT (BOAO)

Cuireann an Breisoideachas agus Oiliúint (BOaO) i mBOOÁCDL réimse leathan clár agus seirbhísí ar fáil atá deartha le forbairt gheilleagrach agus shóisialta a chur chun cinn ar fud limistéir riaracháin Fhine Gall, Chontae Bhaile Átha Cliath Theas agus Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.

Tá éagsúlacht le brath sna foghlaimeoirí sa BOaO agus ina measc tá luathfhágálaithe scoile, daoine a d'fhág an scoil le déanaí, printísigh, daoine fásta atá ag filleadh ar an oideachas/oiliúint. Chomh maith leis sin, tá grúpaí tosaíochta ann, lena n-áirítear foghlaimeoirí faoi mhíchumas, dídeanaithe agus iarrthóirí tearmainn chomh maith le daoine atá dífhostaithe agus daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach. Anuas air sin, tá an uasoiliúint agus an athoiliúint mar thosaíocht don BOaO dóibh siúd atá fostaithe cheana lena chinntiú go mbeidh na scileanna cuí acu agus forbairtí ag teacht go mear ar shaol na hoibre agus ar an ngeilleagar i rith an ama.

Tá sé mar aidhm ag an BOaO i mBOOÁCDL go mbeidh an foghlaimeoir i gcroílár gach a ndéanaimid agus tréimhse foghlama den chaighdeán is airde a chur ar fáil do gach foghlaimeoir a shocraíonn imeacht ar an aistear foghlama le BOOÁCDL. Bhí sé mar aidhm sa Phlean Seirbhíse don BOaO in 2022 riachtanais an duine, theaghlach an duine agus phobal an duine a chur san áireamh, chomh maith leis na riachtanais atá ag fostóirí áitiúla agus réigiúnacha ó thaobh scileanna de. Tá cuntas sa tuarascáil bhliantúil seo ar an dóigh ar bhain an BOaO a chuspóirí amach ina leith seo. Mar gheall ar chur i leataobh na srianta uile Covid le linn 2022, bhíothas in ann cúrsaí a sholáthar agus an cumas ann filleadh ar an leibhéal réamhphaindéimeach, nach mór laistigh de bhliain amháin.

### FORBHREATHNÚ 2022 – TIMPEALLACHT OIBRIÚCHÁIN
### DEIREADH LEIS AN BPAINDÉIM AGUS LEIS AN GCOGADH SAN ÚCRÁIN

Cé gur tháinig deireadh leis an bpaindéim in 2022 agus leis na bearta éigeandála a bhí

tionchar diúltach acu ar sholáthar Breisoideachais agus Oiliúna (FET) in 2020 agus 2021.

Faoi ráithe 4 áfach, bhí comharthaí dearfacha ann go dtiocfadh an soláthar BOO ar ais go leibhéil 2019 nó gar dóibh faoi dheireadh 2022.

Ó mhí an Mhárta 2023, tháinig méadú suntasach ar líon na nÚcránach ag lorg cosanta in Éirinn mar gheall ar an gcogadh san Úcráin. D'fhorbair BOO BOOÁCDL plean freagartha tosaigh chun freastal ar riachtanais oideachais mhuintir na hÚcráine ar chuir an ghéarchéim isteach orthu.

Faoin 11 Nollaig 2022, taifeadadh 67,448 teacht isteach ón Úcráin.[1] Bhí go leor de na hIonaid Fáiltithe dóibh siúd a bhí ag lorg cosanta sa

réigiún BOOÁCDL ar dtús, mar sin d'oibrigh BOO i gcomhpháirtíocht le raon gníomhaireachtaí chun riachtanais a aithint agus freagairt dá réir.

Mar thoradh ar na freagraí cuimsitheacha seo ar an méadú ar líon na dteifeach ag teacht go hÉirinn ón Úcráin, mhéadaigh soláthar ESOL (Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile) ag gach leibhéal faoi 176%, nó 1764 foghlaimeoir thar 9 mí, go dtí deireadh 2022.

## FORBHREATHNÚ AR SHOLÁTHAR BOO 2022

Sa bhliain 2022, bhí 21,215 foghlaimeoir nó 29,451 duine ann a bhain tairbhe as páirt a ghlacadh i gcúrsaí in ionaid, coláistí agus seirbhísí breisoideachais agus oiliúna BOOÁCDL. Ba mhéadú de 3,381 (19%) foghlaimeoir aonair agus 6,026 (26%) tairbhí ar ghníomhaíocht 2021 é seo. Bronnadh beagnach 10,000 QQI ar fhoghlaimeoirí BOOÁCDL in 2022, lena n-áirítear mórdhámhachtain, miondámhachtain agus dámhachtain sainchuspóra. Léiríonn Tábla 1-Aguisín D na tairbhithe agus na foghlaimeoirí aonair in aghaidh an chineáil soláthair 2022. Is éard is líon na dtairbhithe ann ná an líon iomlán foghlaimeoirí á iolrú faoin líon cúrsaí a raibh siad páirteach iontu le linn 2022.

[1] Teacht ón Úcráin go hÉirinn Sraith 8 - CSO - An Phríomh-Oifig Staidrimh

**Soláthar ar Cháilíocht Dhearbhaithe**

Lean BOOÁCDL ar aghaidh ag cur raon clár creidiúnaithe QQI (Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann) ar fáil in 2022. Tá córas rialachais bunaithe a dhéanann maoirseacht ar fheidhmiú agus ar bhainistiú na gclár breisoideachais agus oiliúna ar cháilíocht dhearbhaithe. Tá sé mar aidhm ag an gcóras rialachais seo formhaoirseacht a dhéanamh, ionas go ndéantar bearta de réir an chreata dearbhaithe cáilíochta formheasta agus dearbhú gurb amhlaidh an cás le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha. Rinneadh athbhreithniú ar na struchtúir rialachais seo in 2022 agus tá moltaí an athbhreithnithe sin le cur i bhfeidhm in 2023.

**Ardleibhéil Deimhniúcháin**

Bhain breis agus 9,650 mac léinn deimhniúchán QQI amach i BOOÁCDL in 2022, lena n-áirítear 1,515 mórdhámhachtain, 8,048 miondámhachtain agus 88 dámhachtain sainchuspóra sa BOaO.

Ba iad na Mórdhámhachtainí QQI ba mhó a bhain foghlaimeoirí BOOÁCDL amach in 2022 ná Seirbhísí Sláinte Pobail agus Luathchúram agus Oideachas Leanaí, Oiliúint agus Forbairt, Riarachán Oifige agus Tacaíocht Chúram Sláinte.

**Cláir agus tionscnaimh ábhartha, fhreagracha, chomhtháite agus nuálacha**

Rinne BOO cláir nua a fhorbairt agus a chur ar fáil ar bhonn leanúnach le freastal ar riachtanais foghlaimeoirí, pobal agus fiontraíochta.

Cheadaigh Coiste Faomhadh Cúrsaí BOTBACDL beagnach 80 cúrsa nua. Ina theannta sin, leasaíodh 21 clár tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar chúrsaí, agus aithníodh 8 modúl le haghaidh athbhreithnithe.

**Eispéiris foghlama dearfacha**

- Guth an Fhoghlaimeora

Ghlac 747 foghlaimeoir, a bhí ag glacadh páirte ar chúrsaí in 2021-2022, páirt i bhFóram na bhFoghlaimeoirí agus léirigh 92% de na freagróirí go raibh siad sásta leis an gcaighdeán teagaisc a fuair siad.

**Timpeallachtaí foghlama dearfacha le hacmhainní agus áitribh oiriúnacha**

- Coláistí Breisoideachais agus Oiliúna

Cuid mhór den fhís don BOaO sa todhchaí is ea éabhlóid na n-áiseanna BOaO, agus iad a sholáthar ina choláiste imeasctha BOaO ar leith.

In 2022, d'éiligh SOLAS ar BOOanna iarratais a chur isteach ag tabhairt tosaíochta do na tionscadail chaipitil a theastaíonn chun a bhfís sin den Choláiste BOaO a bhaint amach. Chuir BOOÁCDL dhá Thuarascáil Uasghrádaithe Straitéisigh

(SARanna) agus trí iarratas ar an gCiste um Uasghrádú Bonneagair Straitéisigh (SIUF) isteach.

- Infheistíocht mhór Chaipitil fógartha do BOaO Sord

I mí na Nollag 2022 , d'fhógair an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, Simon Harris, go bhfuil cead tugtha bogadh ar aghaidh chuig an chéad chéim eile den obair chun Coláiste na Todhchaí (COTF) a fhorbairt i Sord. Tá infheistíocht €47 milliún i gceist leis an tionscadal chun campas glas breisoideachais den chéad scoth a thógáil i Sord. Luaitear sa togra go ndéanfar freastal ar 1,000 mac léinn lánaimseartha agus suas le 5,000 mac léinn páirtaimseartha agus is garsprioc shuntasach é do cheantar Fhine Gall. Cistí um Uasghrádú Bonneagair Straitéisigh (SIUFanna)

I mí Mheán Fómhair 2022, sheol an tAire an Ciste Náisiúnta um Uasghrádú Straitéiseach don BOaO i gceann d'Ionaid BOaO BOOÁCDL ar Bhóthar na Mainistreach, Cluain Dolcáin agus d'fhógair sé go raibh tionscadal ilmhilliún euro bronnta ar BOOÁCDL chun na háitribh sin a athchóiriú agus a leathnú

"Tacóidh na hinfheistíochtaí le spásanna teagaisc agus foghlama nua-aimseartha a chur in áit seanfhoirgneamh réamhdhéanta; leathnú acmhainne – lena n-áirítear printíseachtaí agus oiliúint eile; naisc leis an tionscal agus leis an ardoideachas a neartú; agus feabhsuithe ar bhonneagar Ógtheagmhála" a dúirt an tAire Harris

**Eolas agus scileanna ábhartha le haghaidh na foghlama ar feadh an tsaoil, forbairt phearsanta, dul chun cinn agus fostaíocht**

- Tosaíocht BOO – Foghlaim ar feadh an tSaoil

Tá sé mar aidhm ag BOaO i mBOOÁCDL rannpháirtíocht a chur chun cinn agus a éascú i ngairmeacha beatha agus saolréanna. Déanfar é seo trí chur chuige níos modúlach, solúbtha, agus atá stiúrtha ag an teicneolaíocht ar feadh na bliana a ghlacadh. Leis sin, beidh siad in ann conairí foghlama marthanacha a éascú, inar féidir creidiúintí agus cáilíochtaí a charnadh de réir a chéile. Bhain BOOÁCDL amach 115% dár sprioc don Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil do 2022, bunaithe ar shonraí a bhí ar fáil ó Dheais Chomhaontú Feidhmíochta Straitéisí SOLAS.

- Tosaíocht BOO – Conair agus Dul Chun Cinn

Tá spriocanna comhaontaithe ag BOaO i mBOOÁCDL le SOLAS, maidir le foghlaimeoirí a chur ar aghaidh chuig an bhfostaíocht agus conair a chruthú a chuirfidh foghlaimeoirí chun cinn laistigh den BOaO agus isteach san Ardoideachas. Mar thoradh air sin, tá machnamh suntasach déanta ag Ionaid/scoileanna agus coláistí BOaO ar an gcaoi is féidir na

spriocanna seo a bhaint amach agus cuireadh go leor gníomhartha i bhfeidhm ar fud BOaO lena chinntiú go mbaintear amach ár spriocanna.

**Tiomantas don fhoghlaim le cuidiú teicneolaíochta d'fhonn tacú le foghlaim neamhspleách, chomhoibríoch**

- Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta (TEL) in 2022

Le linn 2022, chuir Foireann TEL tacaíocht ar fáil don fhoireann, ar líne agus go pearsanta, trí grúpsheisiúin agus ar bhonn duine ar dhuine. I measc na seisiún a cuireadh ar fáil d'fhoireann BOOÁCDL maidir leis na hardáin a úsáideann BOO bhí:

- Microsoft Bookings, Microsoft Teams, Stream, OneDrive
- Moodle le haghaidh measúnaithe, tacaíochta agus oiliúna, curtha ar fáil dóibh siúd a bhí ag aistriú ó ardáin eile go Microsoft 365 agus Moodle.
- Seisiúin Eolais oscailte le haghaidh tacaíocht dhigiteach agus Tacaíocht Dhigiteach 1:1
- Canva le haghaidh ábhar poiblíochta agus tacaíocht d'earcaíocht

Ina theannta sin, bhí tacaíocht foghlaimeora ar fáil freisin nuair a iarradh é.

Is éard a bhí i gceist leis an tacaíocht seo ná, cabhrú le foghlaimeoirí ar líne rochtain a fháil ar a gcuntais Microsoft 365, chomh maith le hoiliúint ar Microsoft 365. Sa mhol TEL, Ionad Oiliúna Bhaile Dúill, cuireadh tacaíocht ghléis ar fáil freisin dóibh siúd a ghlac páirt sa scéim iasachta ríomhairí glúine.

**Comhionannas agus Cuimsiú Gníomhach: Straitéisí chun Baic ar rannphairtíocht sa BOaO a laghdú**

- Cuimsiú a Chothú

Ceann de na spriocanna a bhí ag BOaO BOOÁCDL ná rannphairtíocht a leathnú do ghrúpaí tosaíochta, lena n-áirítear iad siúd atá faoi mhíchumas, baill den phobal Romaigh, baill den lucht siúil, teifigh agus lucht iarrtha tearmainn. D'éirigh le BOOÁCDL 148% dár sprioc do Leathnú Rannpháirtíochta do 2022 a bhaint amach, bunaithe ar shonraí deiridh ó SOLAS SPA Dashboards.

- Reach Fund 2022

Is é is aidhm don deontas seo maoiniú a chur ar fáil chun tacú le foghlaimeoirí atá faoi mhíbhuntáiste oideachasúil le gur féidir leo páirt a ghlacadh san Oideachas Aosach agus Pobail. Déanann BOaO in BOTBACD an ciste seo a riar thar ceann SOLAS agus in 2022 bhí seisear déag d'iarratasóirí rathúla. Chuir deontais ar chumas eagraíochtaí pobail tionscnaimh a chur i bhfeidhm, ó thionscadail ghlasa ar nós gharraíodóireacht agus uaschúrsáil go bunú leabharlanna foghlaimeoirí agus céadfacha. Tuairiscíodh go raibh thart ar 1,550 tairbhí ag Reach Fund 2022.

- Ciste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas

Is é an BOaO a riar an ciste do scoláirí atá faoi mhíchumas. Cuireadh maoiniú ar fáil leis na seirbhísí agus na tacaíochtaí is

tábhachtaí a chur ar fáil do 474 mac léinn atá faoi mhíchumas agus a bhí ar chúrsaí lánaimseartha in 2022.

- Straitéis Litearthachta don Saol do Dhaoine Fásta (ALL)

Thug an Straitéis Litearthachta don Saol do Dhaoine Fásta (ALL), a sheol an Rialtas i Meán Fómhair 2021, ról lárnach do na BOOnna i soláthar na spriocanna a leagadh amach chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais litearthachta.

**Clú ar an eagraíocht mar phríomhsholáthraí agus as cultúr nuálaíochta agus feabhsaithe**

- Cultúr na Cáilíochta agus an Fheabhsúcháin

Tá Seirbhísí BOaO tiomanta do chultúr cáilíochta a neadú ar fud gach leibhéal agus gach seirbhís de chuid BOOÁCDL. In 2022, rinne BOaO an Tionscnamh Athbhreithnithe ar a phróisis um dhearbhú cáilíochta, as ar tháinig cruinniú seachtaine de chuid an Phainéil Athbhreithnithe Sheachtraigh. Foilsíodh Próifíl Soláthraí mionsonraithe in 2022, inar leagadh amach raon feidhme iomlán sholáthar BOO an BOOÁCDL. In éineacht leis seo bhí féinmheastóireacht chuimsitheach déanta ag gach ionad/seirbhís/scoil BOaO, chomh maith le sraith fócasghrúpaí agus suirbhéanna.

Áiríodh leis seo aiseolas ó 747 foghlaimeoir, 157 ball foirne, 78 páirtí leasmhar seachtracha (fostóirí, comhpháirtithe pobail, soláthraithe oiliúna ar conradh, ionaid oiliúna pobail & fíordheimhnitheoirí seachtracha). Áiríodh sonraí ón bpróiseas comhairliúcháin leathan seo i dtuarascáil féinmheastóireachta, mar aon le 40 cás-staidéar.

Tionóladh cuairt an Phainéil Athbhreithnithe Sheachtraigh ar líne i rith na seachtaine ón 9 go 13 Bealtaine 2022. An tseachtain sin, bhuail 6 bhall an phainéil athbhreithnithe sheachtraigh le breis agus 180 rannpháirtí: foghlaimeoirí, baill foirne, páirtithe leasmhara seachtracha srl. i 30 seisiún áirithe.

"Fuair an fhoireann athbhreithnithe beartais fhónta rialachais agus QA an BOO agus fonn láidir i measc fhoireann BOaO BOOÁCDL ar fad cultúr cáilíochta córasach a chruthú agus an cur chuige maidir le feabhsú cáilíochta a neartú ar fud na heagraíochta ar fad." (Tuarascáil Athbhreithnithe an QQI 2022, lch.66).

Tar éis fhoilsiú na tuarascála seo, tá plean gníomhaíochta forbartha ag BOOÁCDL chun aghaidh a thabhairt ar mholtaí an phainéil a bhfuil sé mar aidhm leo feabhas a chur ar ár gcórais um dhearbhú cáilíochta agus cur le muinín sna BOOanna mar phríomhsholáthraithe cláṛ dearbhaithe cáilíochta.

**Rialachas eiticiúil chun cuntasacht agus luach ar airgead a chinntiú**

- Comhaontú Feidhmíochta Straitéiseach BOO le SOLAS

Rinne BOOÁCDL a dhara Comhaontú Feidhmíochta Straitéiseach (SPA) BOaO le SOLAS. Is don tréimhse 2022-2024 atá an

SPA seo agus tá sé dírithe ar an Straitéis BOaO Náisiúnta nua: 'Athchóiriú na Foghlama' agus leagtar amach leis na pleananna don todhchaí le haghaidh forbartha agus nuálaíochta ar fud an chórais BOaO. Tugann sé breac-chuntas freisin ar an rannchuidiú beartaithe ó BOOÁCDL leis an 12 sprioc córais náisiúnta a comhaontaíodh le SOLAS.

Ag leanúint leis sin chuir BOOÁCDL tuarascáil ar dhul chun cinn faoi bhráid SOLAS don bhliain 2022. Tugadh nuashonrú ar thorthaí ár soláthar BOaO 2022, go háirithe ar an gcaoi a sholáthair BOOÁCDL luach ar airgead maidir le baint amach spriocanna don Chomhaontú Straitéiseach Feidhmíochta 2022.

**Tacaíocht Foirne, Foghlaim agus Forbairt Ghairmiúil**

Forbraíodh Féilire um Fhorbairt Ghairmiúil don Fhómhar 2022, le 13 cheardlann á dtairiscint don fhoireann BOaO, ar ar fhreastail 192 rannpháirtí.

Bhí baint ag BOOÁCDL le AHEAD agus COBÁC i rolladh amach an tSuaitheantais Dhigiteach náisiúnta i nDearadh Uilíoch don Fhoghlaim (UDL), agus é a chur chun cinn go gníomhach mar dheis PD. Cuireadh oiliúint feasachta UDL ar fáil do go leor ionad mar réamhrá ar UDL don fhoireann, a d'fhéadfadh a bheith ag smaoineamh ar an suaitheantas digiteach a dhéanamh. In 2022, chríochnaigh 29 ball foirne BOaO a Suaitheantas Digiteach sa UDL, agus bhain 4 bhall foirne Suaitheantas Digiteach an Éascaitheora amach freisin.

Rinne BOOÁCDL urraíocht ar 41 ball foirne le tabhairt faoi fhorbairt ghairmiúil bhreise thar 9 gclár, i 4 Institiúid Ardoideachais, ó leibhéil 6-9.

**Córais cumarsáide fheabhsaithe, idir inmheánach agus seachtrach**

Chun a thuilleadh cumarsáide a éascú leis an bhfoireann go saoráideach agus go tráthúil, tá an Mol QA forbartha ag an Aonad QA — suíomh SharePoint a fheidhmíonn mar stór do dhoiciméadú cláir, doiciméadú QA, acmhainní measúnaithe, acmhainní seachtracha srl. Cruthaíodh sraith físeán teagaisc thar raon ábhar chun tacú le baill foirne ina gcleachtas.

**Líonrú straitéiseach agus comhpháirtíochtaí le príomhpháirtithe leasmhara**

Leanann BOaO i mBOOÁCDL lena chaidrimh a fhorbairt ar fud an chontae le raon leathan páirtithe leasmhara lena n-áirítear, SOLAS, DFHERIS, ROS, Institiúidí Ardoideachais, QQI, BOOÉ, an Roinn Coimirce Sóisialaí, Leargas, AONTAS, NALA, na Fóraim Scileanna Réigiúnacha, Grúpa Straitéise Scileanna Fhine Gall, Cathair Foghlama Bhaile Átha Cliath, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Comhairle Contae Fhine Gall, Comhairle Contae Átha Cliath Theas,

Cuideachtaí Forbartha Áitiúla agus an go leor eagraíochtaí pobail agus fostóirí.

Leanann BOOÁCDL ag obair le fostóirí agus le daoine fostaithe trí na cláir Scileanna le Dul Chun Cinn a Dhéanamh agus Scileanna chun Oibre araon. Faomhadh ról Bainisteoir Fiontraíochta agus Rannpháirtíochta le Páirtithe Leasmhara agus tá tús curtha le hearcaíocht. Tá an ról seo ag teastáil chun cabhrú lenár gcur chuige maidir le rannpháirtíocht fiontair a chuíchóiriú agus chun rolluithe uasoiliúna an lucht saothair a uasmhéadú ó 2023 ar aghaidh.

# 4

## Ráiteas Seirbhíse: Scoileanna

# CUID 4

## BUNSCOILEANNA

Tá BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire ina phátrún ar naoi Scoil Náisiúnta Pobail agus Scoil Speisialta Phobail amháin, Scoil Speisialta Phobail Danu i mBaile Átha Cliath 15. Éiteas ilchreidmheach atá ag Scoileanna Náisiúnta Pobail, a bhfuil cúig chroíluach mar bhonn agus mar thaca acu: Barr Feabhais san Oideachas, Cúram, Cothromas, Pobal agus Meas.

Tá baint BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire leis an mbunoideachas ina dúshlán agus ina deis ag an am céanna. Tá uileghabhálacht na Scoileanna Náisiúnta Pobail go léir ar cheann dá saintréithe. Mealltar leanaí ó gach cúlra chuig samhail na Scoileanna Náisiúnta Pobail de bharr gur maith is eol go bhfaighidh siad oideachas ar ardchaighdeán, a ullmhóidh iad don saol i sochaí ilchreidmheach, ilchultúrtha i ndiaidh na scoile. Tá fás tagtha ar shamhail na Scoileanna Náisiúnta Pobail le roinnt blianta anuas trí scoileanna nua a bhunú i limistéir ina bhfuil fás déimeagrafach chomh maith le hathchumrú na scoileanna atá ann cheana go Scoileanna Náisiúnta Pobail trí phróiseas aistrithe pátrúnachta scoile.

Tá fás ag teacht ar an éileamh ó thuismitheoirí ar an Stát chun rogha níos leithne de chineálacha scoile a sholáthar seachas samhlacha aon-sainchreidmheacha. Tá fás ag teacht ar an éileamh in Éirinn freisin ar bhunscoileanna a bhainistítear go poiblí mar go dtí seo, tá siad á maoiniú go poiblí ach á mbainistiú go príobháideach. Le samhail na Scoileanna Náisiúnta Pobail a fhorbairt, freagraítear don dá éileamh sin agus léiríonn sí éabhlóid an-spreagúil in oideachas na hÉireann, éabhlóid a gcuirtear fáilte roimpi. Tá na tacaíochtaí a chuireann BOOÁCDL ar fáil mar bhonn agus thaca ag ardchaighdeán an tsoláthair sna scoileanna sin. Áirítear ar na tacaíochtaí sin

- Oiliúint bhraisle agus tacaíocht shaincheaptha agus chomhtháite á soláthar i gcomhpháirtíocht leis an CNOS
- Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) do mhúinteoirí
- Ionduchtú Múinteoirí
- Forbairt éitis agus tacaíocht forbartha don Chlár Pátrúin (GMGY)

- Clár Ceannaireachta Múinteoirí (TLP), Clár um Cheannaireacht Láir (MLP)
- Teagasc agus Foghlaim le Cuidiú na Teicneolaíochta
- Tacaíocht do Bhoird Bainistíochta
- Cláir Forbartha agus Tacaíochta Ceannaireachta do Phríomhoidí, Leas-Phríomhoidí.
- Cigireacht agus Féinmheastóireacht Scoile.

| Líon ar Rollaí i Scoileanna Náisiúnta Pobail, 2021/2022 | |
|---|---|
| Scoil | 2021/2022 |
| Scoil Choilm | 841 |
| Scoil Chormaic | 507 |
| Scoil Ghráinne | 648 |
| Iarthar na Cathrach agus Teach Sagard | 448 |
| Scoil Aoife | 326 |
| P.S.N. Leamhcáin | 319 |
| An Móinéar Leathan – Sord Thuaidh | 30 |
| Gleann na hAbhann – Sord Theas | 62 |
| P.S.N. Thamhlachta | 61 |
| P.S.S. Danu | 30 |
| **Iomlán** | **3,272** |

## IONAD COINNEÁLA AGUS SUÍOMHANNA AONAD SAINCHÚRAIM

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire ina Phátrún ar dhá shuíomh Aonaid Sainchúraim (SCU) agus scoil amháin ar Ionad Coinneála Leanaí (CDC) í. Cuireann BOOÁCDL raon seirbhísí agus tacaíochtaí ar fáil do na scoileanna sin, lena n-áirítear Acmhainní Daonna (AD), Seirbhísí Corparáideacha, tacaíocht TF chomh maith le tacaíocht ó struchtúir ghéarthacaíochta oideachais.

Meascán fachtóirí a fhágann go socraítear na scoláirí sna scoileanna sin, rud a chruthaíonn dúshláin faoi leith. Áirítear orthu

sin caidrimh dhearfacha, thacúla a fhorbairt lena gcothófar slándáil agus folláine mhothúchánach agus meon fabhrach i leith na foghlama. Tá dúshláin ann freisin maidir le cláir foghlama saincheaptha aonair a fhorbairt bunaithe ar fhoghlaim réalaíoch a fhreastalóidh ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí.

Cuireann na suíomhanna sainchúraim sin cur chuige tacúil, difreáilte agus spriocdhírithe ar fáil maidir le soláthar oideachais agus dul chun cinn do dhaoine óga. Baineann gné athshlánúcháin leis na suíomhanna sin agus soláthraíonn siad príomhphointe iontrála agus athcheangail do gach foghlaimeoir chuig Creat Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann (NFQ).

I measc na gcuraclam a chuirtear ar fáil sna suíomhanna casta sin tá:

- An Teastas Sóisearach
- An Ardteistiméireacht
- An Ardteistiméireacht Fheidhmeach
- Gairmchlár na hArdteistiméireachta
- QQI

Cuirtear raon iomlán ábhar ar fáil lena n-áirítear teangacha, na daonnachtaí, na healaíona, teicneolaíochtaí agus eolaíocht, lena n-áirítear taithí oibre spriocdhírithe de réir phlean foghlama aonair an dalta faoin CNC.

Tá na tacaíochtaí a chuireann BOOÁCDL ar fáil mar bhonn agus thaca ag ardchaighdeán an tsoláthair sna suíomhanna sin. Áirítear ar na tacaíochtaí sin

- Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) do mhúinteoirí
- Ionduchtú Múinteoirí
- Clár Ceannaireachta Múinteoirí (TLP), Clár um Cheannaireacht Láir (MLP)
- Teangacha, Litearthacht agus Uimhearthacht,
- Oiliúint san Oideachas Speisialta
- Teagasc agus Foghlaim le Cuidiú na Teicneolaíochta
- Tacaíocht do Bhoird Bainistíochta
- Cláir Forbartha agus Tacaíochta Ceannaireachta do Phríomhoidí, Leas-Phríomhoidí.
- Cigireacht agus Féinmheastóireacht Scoile,

Gné thábhachtach den tacaíocht speisialaithe a chuirtear ar fáil sna suíomhanna sin is ea an ról sonrach atá ag BOOÁCDL maidir le foireann bhainistíochta na scoile a threorú i gcur i bhfeidhm na moltaí ó Chigireacht agus ó Fhéinmheastóireacht Scoile. I bhfianaise chastacht na ndaltaí sna suíomhanna sin, dírítear go príomha ar na nithe seo a leanas leis na spriocréimsí tacaíochta sin:

- Teagasc, foghlaim agus gnóthachtáil
- Litearthacht agus Uimhearthacht

- Scileanna Saoil
- Dul Chun Cinn Oideachais agus
- Pleanáil ar leibhéal na scoile uile, ar leibhéal an tseomra ranga agus ar leibhéal an dalta aonair

| Líon ar Rollaí i Scoileanna Sainchúraim, 2021/2022 | |
|---|---|
| Scoil | 2021/2022 |
| Crannóg Nua | 10 |
| Baile Uí Dhúda | 6 |
| **Iomlán** | 16 |

## IAR-BHUNSCOIL

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire ina phátrún ar 31 iar-bhunscoil, lena n-áirítear 4 Ghaelcholáiste agus Aonad amháin (Coláiste na Tulcan), agus cuirtear réimse seirbhísí agus tacaíochtaí ar fáil do na scoileanna sin, amhail seirbhísí agus tacaíochtaí airgeadais, acmhainní daonna, tógála, cothabhála agus oideachasúla.

Tá na Coláistí Pobail de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire ina gcuid dhílis den saol ina bpobail áitiúla. Tá cur chuige cuimsitheach acu agus cuidíonn siad le daoine óga barr a gcumais a bhaint amach sa tsochaí. Cuireann siad ar chumas daltaí, múinteoirí agus tuismitheoirí dul chun cinn a dhéanamh ó thaobh oideachais de i dtimpeallacht dhearfach, spreagúil.

D'fhonn an caighdeán is airde teagaisc agus foghlama agus an taithí oideachais is fearr is féidir a chinntiú dá scoláirí, thairg BOOÁCDL tacaíochtaí do gach scoil i réimsí na Forbartha Gairmiúla Leanúnaí

- Ionduchtú Múinteoirí
- Clár Ceannaireachta Múinteoirí (TLP)
- Clár Meáncheannaireachta (MLP)
- Teangacha, Litearthacht agus Uimhearthacht
- Tacaíochtaí Oideachais Speisialta
- Teagasc agus Foghlaim le Cuidiú na Teicneolaíochta
- Cigireacht agus Féinmheastóireacht Scoile
- Cosaint agus Coimirce Leanaí
- Tacaíocht do Bhoird Bainistíochta
- Béarla mar Theanga Bhreise
- Cláir Forbartha agus Tacaíochta Ceannaireachta do Phríomhoidí, Leas-Phríomhoidí agus sealbhóirí poist meánbhainistíochta.

**Líonraí barr feabhais**

Le plean straitéiseach bliantúil Stiúrthóir na Scoileanna Iar-Bhunscoile, bíonn cruinnithe go rialta ag líonraí gairmiúla comhoibríocha arb é is aidhm dóibh tacú le pleanáil do **riachtanais speisialta bhreise oideachais agus pleanáil DEIS**, mar aon le cuairteanna ar scoileanna. Reáchtáiltear ceardlanna agus forbairt ghairmiúil leanúnach le deiseanna a thabhairt d'fhoirne scoileanna an dea-chleachtas a scaipeadh agus a fhorbairt. Leis an obair forbartha le haghaidh riachtanais speisialta bhreise oideachais agus DEIS, tugtar tacaíocht do scoileanna chun straitéisí scoile uile a chruthú chomh maith le comhairle lena bpleanáil a chur i bhfeidhm. Cuirtear oiliúint agus tacaí maidir le **Cosaint agus Cumhdach Leanaí** ar fáil do bhainistíocht scoile, do phearsanra na scoile agus do Bhoird Bhainistíochta chun cur i bhfeidhm iomlán an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015 agus Nósanna Imeachta ROS um Chaomhnú Leanaí do Scoileanna, agus na ceanglais iontu, a chinntiú. Cuimsíonn an tacaíocht sin gach gné de Chosaint agus Cumhdach Leanaí le haghaidh phearsanra scoile lena n-áirítear tacaíocht shaincheaptha d'fhoirne bainistíochta agus ceannaireachta scoile. Cuirimid oiliúint ar leith ar fáil do Phríomhoidí agus Leas-Phríomhoidí nuacheaptha dá róil mar Theagmhálaithe Ainmnithe (DLPanna), chomh maith le forbairt ghairmiúil leanúnach do DLPanna atá ann cheana féin, oiliúint i scríbhneoireacht Tuarascálacha Maoirseachta um Chosaint Leanaí, tacaíocht maidir le Cigireacht Scoile um Chosaint Leanaí (CPSI) agus athbhreithnithe ar Ráitis um Chumhdach Leanaí agus Measúnú Riosca. Tugtar tacaíocht do Bhoird Bhainistíochta chun tuiscint a fháil ar a róil agus ar a bhfreagrachtaí maidir le Cosaint Leanaí agus Maoirseacht trí oiliúint agus tacaíocht leanúnach.

Oibríonn an **tOifigeach Forbartha BCTE** ar fud na heagraíochta chun tacú le forbairt teanga mac léinn/foghlaimeoirí i ngach suíomh ar de bhunadh na himirce iad, agus oibríonn sé/sí le gníomhaireachtaí seachtracha agus le BOOanna eile. Trí phríomhghníomhaíocht do dhéagóirí agus do dhaoine fásta atá i gceist leis an tacaíocht sin: déantar measúnú ar fhoghlaimeoirí agus úsáid á baint as triail socrúcháin oiriúnaitheach Cambridge English, atá ar líne, le haiseolas a thabhairt do mhic léinn maidir leis an leibhéal teanga atá acu (a chuirtear i gcomparáid leis an gCreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha) chun tacú le haistriú agus dul chun cinn laistigh den eagraíocht agus ina dhiaidh sin (foghlaim ar feadh an tsaoil). Mar chuid den tacaíocht tá oiliúint múinteoirí ar fáil do mhúinteoirí ábhair iar-bhunscoile (CLIL) agus dianchúrsa do mhúinteoirí an Bhéarla mar Theanga Bhreise agus do mhúinteoirí BCTE. Tagann **líonra** múinteoirí iar-bhunscoile **Béarla mar Theanga Bhreise (BTB)** le chéile 3 huaire sa bhliain chun forbairt phearsanta a dhéanamh. Ionad

scrúduithe údaraithe ar son Cambridge English is ea BOOÁCDL. Reáchtáiltear scrúduithe ar 3 leibhéal de Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (A2, B1 agus B2) i mBealtaine agus Meitheamh do dhaoine fásta agus iarrthóirí ó scoileanna.

Tugann ár **gComhordaitheoir Éitis** tacaíocht do scoileanna agus iad ag obair chun Creat Éitis nua BOaO a chur i bhfeidhm. Bíonn an duine sa ról sin ag obair go dlúth le foirne agus le bainistíocht scoileanna leis na tacaíochtaí agus na hacmhainní a theastaíonn a chur ar fáil. Bíonn an duine ag obair chomh maith i gcomhar le BOaOnna eile, le BOOÉ agus le OCBÁC.

Tá an Clár athchóirithe **'An Ceangal Ceannaireachta',** a chuimsíonn an Clár Ceannaireachta do Mhúinteoirí agus an Clár athfhorbartha um Cheannaireacht Láir, dhá bhliain ar an bhfód anois. Is é is aidhm don dá chlár daoine ar mian leo bheith ina gceannairí agus ceannairí láir inár n-eagraíocht a shainaithint, a chothú agus tacú leo. Is cláir dheimhnithe a mhaireann aon bhliain amháin iad an dá chlár. Tugtar tacaíocht do scoileanna tríd an gClár Ceannaireachta do Mhúinteoirí i gcás na dtionscadal a dtugann siad fúthu mar chuid den chlár sin. Díríonn an Clár um Cheannaireacht Láir ar scileanna agus eolas ár sealbhóirí poist API agus APII a fhorbairt.

**PR**

Tá taighde fairsing déanta ag **Foireann BOOÁCDL um Straitéis do na Meáin Dhigiteacha** agus tá Straitéis do na Meáin Shóisialta agus Dhigiteacha forbartha acu. Tá an straitéis sin faoi athbhreithniú ag an mbainistíocht shinsearach faoi láthair. Tá ár Líonra Meán Digiteach ag obair go maith le chéile chun cur chuige comhtháite agus comhoibríoch ar na meáin shóisialta agus dhigiteacha atá ag an eagraíocht a chinntiú. Tá sé sin ag tacú le feasacht níos fearr faoin mbranda agus aitheantas air, agus tugann sé teachtaireacht shoiléir don phobal. Tá seisiúin oiliúna agus treorach do chomhordaitheoirí ár meán sóisialta sceidealaithe chun cabhrú le cruthú inneachair agus lena chinntiú go leanfar ár dtreoirlínte brandála agus stíle agus ár straitéis do na meáin shóisialta.

**AD**

D'oibrigh ár rannóg Acmhainní Daonna go dlúth lenár bhfoireann chun straitéisí earcaíochta a fhorbairt agus BOOÁCDL a chur chun cinn mar rogha fhostóra. Tá spriocanna, cuspóirí agus gníomhartha sainaitheanta mar chuid de straitéis chun cuidiú le tionscnaimh earcaíochta. Chuir ár bhFoireann Chumarsáide tús le **Straitéis Chumarsáide** a fhorbairt don BOOÁCDL agus tá siad ag obair go dlúth le scoileanna agus ionaid chun tacú le gníomhaíochtaí cur chun cinn, cumarsáid, feasacht faoin mbranda agus comhordú imeachtaí agus chun cabhrú le dul i ngleic le ganntanas múinteoirí.

**SEN/DEIS**

Chuir BOOÁCDL raon leathan deiseanna oideachais a bhí fadréimseach agus cuimsitheach ar fáil do mhic léinn. Cuid lárnach do sholáthar clár do na mic léinn is ea FGL agus tacaíocht do mhúinteoirí. Cuirtear Forbairt agus Tacaíochtaí **RSO agus DEIS** ar fáil trí phobail chleachtais ar gach leibhéal ar chontanam na tacaíochta. Reáchtáiltear an **Suaitheantas UDL** gach bliain, rud a thugann deiseanna do mhúinteoirí cleachtas cuimsitheach a fhorbairt ar leibhéal tacaíochta an tseomra ranga. Éascaíonn líonraí do chomhordaitheoirí RSO/AEN agus DEIS bainistíocht leanúnach ar shamhail soláthair gach scoile agus forbairt córais nua chun a chinntiú go bhfreastalaítear ar riachtanais uile na mac léinn do chách, agus go háirithe an líon beag mac léinn a dteastaíonn ionchur breise uathu chun barr a gcumais a bhaint amach.

**SSE**

Éascaítear forbairt straitéiseach ar **FMS (Féinmheastóireacht Scoile)** gach scoile leis an **Líonra FMS** nuabhunaithe, áit a gcuirtear fáilte roimh phríomhchainteoirí ar ceannairí náisiúnta iad maidir le feabhsú scoile, chun bualadh le foireann na gComhordaitheoirí FMS chun treoraíocht a thabhairt ar an tionscnamh a stiúradh ina gcuid scoileanna. Cuirtear tacaíochtaí inscoile ar fáil do gach réimse (RSO, DEIS, UDL, FMS, etc.) chun cabhrú le foirne scoile cleachtais chuimsitheacha a chur i bhfeidhm de réir a n-acmhainní agus a dtosaíochtaí féin.

**Múinteoirí nua do BOOÁCDL**

Cuireann an **Clár Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí** fáilte roimh chomhghleacaithe nua chuig ár n-eagraíocht. Tarlaíonn imeacht gach bliain a thugann deiseanna do mhúinteoirí nua bualadh le baill lárnacha d'fhoireann riaracháin BOOÁCDL (m.sh., AD, TFC) agus le príomhchainteoir ar ábhair ábhartha amhail bainistíocht agus tacaíocht iompraíochta nó ABAR (Frith-Leatroim, Frithchiníochais) chun a gcleachtas a threorú agus iad ag tosú ar a gcleachtas múinteoireachta i scoileanna.

**STS**

Ar phríomhréimse oibre le scoileanna sa bhliain 2022 beidh tacaíocht leanúnach a chur ar fáil trí **Sheirbhís Tacaíochta Síceolaíochta BOOÁCDL**. Tá an tSeirbhís Tacaíochta Síceolaíochta ar fáil do scoláirí agus mic léinn in iar-bhunscoileanna, ionaid ógtheagmhála agus earnálacha ina soláthraítear Breisoideachas, agus do bhaill foirne de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire. Tugann an tSeirbhís tacaíocht ghearrthéarmach agus soláthraíonn tacaíochtaí síceolaíocha leathana d'úsáideoirí na Seirbhíse arna iarraidh sin ag an scoil/ionad. Éascaíonn an tSeirbhís atreorú scoláirí agus mac léinn chuig sainghníomhaireachtaí eile a oireann dá gcuid riachtanas. Cuimsítear le ról na Seirbhíse Tacaíochta Síceolaíochta ionchur sainiúil i réimsí an taighde agus na hoiliúna agus i dtionscnaimh de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna ar leibhéal córasach.

**Tacaíocht dóibh siúd de chuid na hÚcráine iad i scoileanna BOOÁCDL 2022**

Tá iar-bhunscoileanna ar fud BOOÁCDL agus go háirithe iad siúd atá lonnaithe in aice le lárionaid mhóra fáiltithe/cóiríochta, tar éis fáilte a chur roimh dhídeanaithe ón Úcráin ina gcuid scoileanna.

Mar is gnách i BOOÁCDL ó 2009, déantar measúnú ar scileanna Béarla GACH mac léinn iar-bhunscoile ó chúlra imirceach/dídeanaí trí úsáid a bhaint as tástáil bhailí iontaofa ar líne ag baint úsáide as triail socrúcháin oiriúnaitheach Cambridge English. Ó Mheán Fómhair go Nollaig 2022, rinneadh tástáil ar 860 mac léinn BTB. Cuireann sé seo sonraí ar fáil do scoileanna chun pleanáil a dhéanamh do riachtanais scoláirí BTB agus chun eolas a scaipeadh ar mhúinteoirí ábhair, a thacaíonn leis na scoláirí i ranganna príomhshrutha. Déantar rianú agus monatóireacht ar fhoghlaim an Bhéarla go leanúnach i scoileanna BOOÁCDL.

Ag eascairt as cuairteanna scoile ón Oifigeach Forbartha BTB, aithníodh mic léinn ón Úcráin a raibh comharthaí tráma orthu agus atreoraíodh iad le haghaidh sainchúnaimh ó Sheirbhísí Tacaíochta Síceolaíochta BOOÁCDL atá ag obair le náisiúnach de chuid na hÚcráine.

Trí úsáid a bhaint as sonraí a ghintear trí thástáil ar líne, tá sé cinntithe ag scoileanna gur leor a leithdháileadh múinteora BTB chun freastal ar riachtanais na nÚcránach agus na mac léinn eile ó chúlra teifigh. Múinteoirí atá oilte agus cáilithe agus a thagann le chéile duine ar dhuine le haghaidh FGL ón BOOÁCDL ar fad, trí huaire sa bhliain, a dhéanann an BTB a theagasc. Déantar dianoiliúint ar mhúinteoirí BTB, as a leanann teastas a aithnítear go hidirnáisiúnta, thar sheachtain i mí an Mheithimh gach bliain. Cinntítear as seo go bhfuil soláthar ar ardchaighdeáin do mhic léinn BTB i Scoileanna BOOÁCDL, agus leis sin go bhfuil an eagraíocht in ann freastal ar riachtanais na mac léinn ón Úcráin.

Tugtar tacaíocht do mhic léinn ón Úcráin atá san Idirbhliain, sa 5ú agus sa 6ú bliain ullmhúchán a dhéanamh le haghaidh scrúduithe Béarla Cambridge a dhéanamh gach bliain i mí Bealtaine. Cuirtear scrúduithe ar fáil do GACH dalta EAL (Béarla mar Theanga Bhreise) ag leibhéil A2, B1 nó B2 de réir mar is cuí. Maoinítear táillí scrúduithe do mhic léinn.

I scoileanna BOOÁCDL ina bhfuil Pobalscoil Náisiúnta ar an gcampas céanna le hiar-bhunscoil, agus in iar-bhunscoileanna ina bhfuil soláthar déach ann ag cur ranganna Oideachais Aosaigh agus BOaO ar fáil ar an gcampas céanna, bhí scoileanna BOO in ann déileáil le riachtanais theaghlaigh na hÚcráine. Bhí Seirbhísí Oideachais Aosaigh BOOÁCDL in ann tacaíocht a thabhairt do theifigh ar a n-aistear chuig clárú le comhlachtaí gairmiúla (Altraí, Dochtúirí srl) agus ina gcuid staidéir bhreise trína n-ullmhú chun scrúduithe Béarla Cambridge a dhéanamh i mí na Bealtaine/an Mheithimh. Tá sé cinntithe ag coláistí BOO go

bhfuil teifigh in ann leanúint lena gcuid staidéir agus lena gconair ghairme agus iad in Éirinn.

Mar fhocal scoir, d'oibrigh comhordaitheoirí REALT BOOÁCDL go dian dícheallach le dhá bhliain go leith anuas chun tacú le teaghlaigh na hÚcráine agus IPAS clárú i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna, agus chun busanna a eagrú le mic léinn a thabhairt chuig GACH scoil inár ndobharcheantar (ní scoileanna BOOÁCDL amháin). Agus an obair seo á déanamh, cruthaíodh naisc luachmhara áitiúla agus treisíodh iad thar earnálacha, idir RO, Túsla, Fóraim na Comhairle Contae Áitiúil, NEPS, Bus Éireann, NCSS, príomhoidí srl a tháinig le chéile chun tacú le teifigh ón Úcráin agus tíortha eile. Cinnteoidh an comhoibriú feabhsaithe seo, arna threorú ag BOOÉ, go mbeidh rochtain ar sheirbhísí ag gach teaghlach ó chúlra teifigh amach anseo.

**Digital Connect BOOÁCDL**

Cumasaíonn ardáin thacaithe BOOÁCDL cumarsáid agus comhoibriú níos fearr i ngach comhthéacs de chuid BOOÁCDL.

Thacaigh agus d'fhorbair oiliúint foirne i ngach earnáil de BOOÁCDL faoi 'Thionscadal Digital Connect' le rannpháirtíocht foirne i ngach ardán tacaithe de chuid BOOÁCDL a bhaineann lena n-earnáil.

Tacaíocht láraithe d'fhoghlaimeoirí trí sheisiúin éagsúla pobail foghlama, a bhíonn idir idirghníomhach agus tarraingteach. Tacú le húsáid ardán tacaithe de chuid BOOÁCDL, eadhon Seesaw, Microsoft 365.

Cinntítear nascacht fheabhsaithe trí chuntas Microsoft 365 a thabhairt do gach foghlaimeoir. Cinnteoidh cuntas aonair d'fhoghlaimeoirí, a bheidh siad in ann a úsáid dá gcuid uirlisí fíorúla go léir, go mbeidh an teicneolaíocht cuíchóirithe agus go mbeidh gach foghlaimeoir in ann rochtain uirthi beag beann ar a chumas, a scileanna nó a riachtanais. Tosaíocht de chuid BOOÁCDL é rochtain chothrom a thabhairt do gach foghlaimeoir.

Bealach iad ardáin nasctha do BOOÁCDL foghlaim dhigiteach ar feadh an tsaoil a chur chun cinn leis na bealaí seanbhunaithe foghlama fisicciúla atá ar fáil cheana féin a fheabhsú.

Tugann Microsoft 365 deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil, nascacht ar fud eagraíochta agus deis do gach ball foirne agus foghlaimeoir dul i dtaithí ar ardán foghlama a fheabhsaíonn a saol agus a dtaithí gairmiúla.

Mar chuid de Thionscadal Digital Connect chomh maith le cur i bhfeidhm an Chreata Straitéise Digití in 2021, bhaineamar na héachtaí seo a leanas amach: -

- Ainmníodh scoil C.P. Choill an Rí mar 'Apple Distinguished School'.
- Bronnadh an Duais Eorpach do Scoileanna Digiteacha ar scoil DEIS eile (scoil amháin as cúig cinn ar fad in Éirinn).
- Bhí scoil de chuid BOOÁCDL ar an gcéad scoil DEIS sa chontae a bhain amach stádas mar scoil ina mbeidh gléas ag gach dalta, scéim arna seoladh ag an Taoiseach Micheál Martin.

| Líon ar Rollaí in Iar-Bhunscoileanna, 2021/2022 | | |
|---|---|---|
| Scoileanna: | 2ú Leibhéal | IAT iarbhír |
| C.P. Bhaile Adaim | 954 | |
| C.P. Ard Giolláin | 998 | |
| C.P. Bhaile Brigín | 655 | |
| C.P. Chaisleán Cnucha | 1244 | |
| Coláiste Chillian | 439 | |
| Coláiste Cois Life | 654 | |
| Coláiste de hÍde | 278 | |
| Coláiste Pobail Setanta | 1,050 | |
| C.P. Pháirc Bhaile Choilín | 581 | 42 |
| Coláiste Pobail Fóla | 398 | |
| C.P. Ráth an Deagánaigh | 353 | 54 |
| C.P. Dhomhnach Bat | 837 | |
| CP Ériu | 129 | |
| C.P. Fhine Gall | 867 | |
| C.P. Theach na Giúise | 813 | |
| Gaelcholáiste Reachrann | 510 | |
| C.P. na Gráinsí | 450 | 62 |
| Coláiste na nGlaschnoc | 155 | 163 |
| C.P. an Ghrífín | 382 | |
| C.P. Choill an Rí | 952 | |
| An Chiseog | 932 | |
| C.P. Leamhcáin | 918 | |
| C.P. Lusca | 878 | |
| C.P. Bhaile Lotrail | 984 | |
| C.P. Mhóin Seiscinn | 332 | |
| C.P. Rath Dara | 233 | |
| C.P. na Sceirí | 1030 | |
| C.P. Fhinnéin | 644 | |

| | | |
|---|---|---|
| C.P. Chaoimhín | 418 | |
| C.P. Shoird | 737 | |
| C.P. Mac Dara | 842 | |
| **Iomlán** | **20,647** | **321** |

# 5

## Ráiteas Seirbhíse:
## Seirbhísí Eile

# CUID 5

## AN TSEIRBHÍS FORBARTHA ÓIGE AGUS SPÓRT

**Clár Foghlama Malartach**

Tá an **Clár Foghlama Malartach** (ALP) forbartha ag BOOÁCDL toisc gur aithníodh easpa deiseanna a bheith ar fáil do dhaoine óga faoi bhun 16 bliana d'aois nach bhfuil i mbun oideachas foirmiúil faoi láthair. Is iomaí cúis a thugann ar scoláire an scoil a fhágáil go luath, agus is minic nach bhféadfaidh an córas reatha freastal ar riachtanais éagsúla na ndaoine óga sin.

Tá an clár á reáchtáil i gcúig suíomh ar fud Limistéar Riaracháin BOOÁCDL faoi láthair

- Dún Laoghaire
- Sord
- Tamhlacht
- Cluain Dolcáin
- Baile Brigín

https://www.ddletb.ie/wp-content/uploads/2019/05/Youth-ALP-Revised-Booklet-2018.pdf

Ghlac 83 duine óg páirt sa chlár idir Eanáir agus Nollaig 2022. Is ardú 50% é seo, éacht iontach don chlár CFM.

Aithníodh na riachtanais speisialta oideachais seo a leanas: neamhord de chuid speictream an uathachais, Neamhord Hipirghníomhaíochta an Easnaimh Airde, Disléicse, Diospraicse, an Dúlagar Imní, Neamhord mothúchánach iompraíochta, Féindochar, Deacrachtaí ginearálta foghlama.

Tá oifigeach óige agus oifigeach sinsearach óige de chuid BOOÁCDL ann, chomh maith le múinteoir agus beirt teagascóirí pháirtaimseartha de chuid BOOÁCDL, a chuireann tacaíocht ar fáil don Chlár Foghlama Malartach. Cuireann foireann Óige BOOÁCDL cláir um obair dhíreach ar fáil do spriocghrúpaí daoine óga faoin Scéim UBU chomh maith le cláir thacaíochta agus chomhpháirtíochta a chur ar fáil do ghrúpaí agus soláthraithe eile a chuireann seirbhísí ar fáil don aos óg.

**Ionaid Spórt Dhá Fheidhm**

Déanann an tSeirbhís Forbartha Óige agus Spóirt sé ionad spóirt dhá fheidhm a bhainistiú ar fud limistéir riaracháin Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas agus Chomhairle Contae Fhine Gall. Tá na hionaid sin suite i gceantair atá go mór faoi mhíbhuntáiste. Tá siad suite i

mBaile Phámar, Cill an Ardáin, Teach na Giúise, Baile Choilín, Baile Fiobail agus Baile Brigín.

Bhí líon cuairteoirí bliantúil de 456,818 ag na hionaid in 2022, rud a sháraigh go mór an sprioc conartha 350,000. Tar éis cur isteach Covid, tá ár n-ionaid ag cur le hacmhainn ar ráta leanúnach agus sochair. Bíonn foirne na n-ionad ag obair le grúpaí áitiúla spóirt, pobail agus deonacha.

### Clár d'Oifigigh sa Spórt don Óige

Tá triúr Oifigeach Spóirt ag BOOÁCDL atá ag feidhmiú ar fud Limistéar Riaracháin BOOÁCDL. Mar chuid den chlár, tá na nithe seo a leanas

- Ceardlanna spóirt a chur i láthair do dhaoine óga
- Conairí Spóirt (blas-seisiún)
- Soláthar Samhraidh
- Soláthar ar Líne don Ghníomhaíocht Coirp agus Seisiúin 'Tóg 30'
- Tacaíocht ar leith ar líne
- Leabharlann Trealaimh Spóirt agus tacaíocht do ghrúpaí óige agus grúpaí deonacha
- Seisiúin treodóireachta le haghaidh óga spriocdhírithe

Is clár spóirt 12 seachtaine do dhaoine óga idir 10-24 bliana d'aois é **Dúshlán Gníomhach na hÓige,** a bhíonn ar siúl ó Eanáir go Bealtaine gach bliain. Spreagann an clár seo daoine óga chun triail a bhaint as 6 ghníomhaíocht, ó spóirt thraidisiúnta go rince líne i measc gníomhaíochtaí eile. Is iad na hoifigigh spóirt ar fud an chontae a chuireann ar fáil é. Ghlac 260 rannpháirtí páirt in 2022.

### Fíricí agus Figiúirí

- 47 seirbhís/tionscadail don óige agus iad ag obair le thart ar 15,344 duine óg
- 383 club deonach cláraithe agus iad ag obair le 4636 duine óg

### Tionscadail agus Seirbhísí Óige atá i bhFeidhm laistigh de BOOÁCDL

| | Tamhlacht | Cluain Dolcáin | Baile Bhlainséir | Dún Laoghaire -Ráth an Dúin | Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh |
|---|---|---|---|---|---|
| **Crosscare** | 1 | 6 | | 3 | 2 |
| **Foróige** | 3 | | 4 | 1 | 2 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Neamhspleách** | 6 | 3 | 4 | 4 | 1 |
| **CCDLRD** | | | | 2 | |
| **CCÁCT** | 4 | 1 | | | |

**Íocaíochtaí ón Scéim Deontais Chlubanna Óige Deonacha Áitiúla le grúpaí sa Chontae**

| Dún Laoghaire (9) | Ráth an Dúin (8) | Tamhlacht (17) |
|---|---|---|
| Cluain Dolcáin (9) | Baile Bhlainséir (9) | Tuaisceart an Chontae (15) |

Tá an tSeirbhís um Thacaíocht Síceolaíochta ar fáil do scoláirí i Scoileanna Dara Leibhéal, Ionaid Ógtheagmhála agus earnálacha Breisoideachais a thagann faoin choimirce Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire. Cuirtear réimse leathan tacaí síceolaíochta ar fáil mar fhreagra ar iarrataí ó scoileanna agus ó ionaid. Ina theannta sin, tairgeann an tSeirbhís tacaíocht ghearrthéarmach do bhaill foirne atá ag obair le BOOÁCDL. Ar leibhéal sistéamach, bíonn an tSeirbhís um Thacaíocht Síceolaíochta ag gabháil do thaighde, oiliúint agus tionscnaimh de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna.

**Scóip**

Cuirtear an tseirbhís ar fáil i gcomhréir leis na hacmhainní atá ar fáil.

Bíonn idirghabhálacha na foirne dírithe ar na bearta seo a leanas:

- Tacaíocht a thabhairt do scoláirí go díreach agus go hindíreach.
- Measúnú agus idirghabháil theiripeach a úsáid chun na deacrachtaí iompraíochta, inspreagtha, mothúchánacha agus cognaíocha atá ag daoine a réiteach.
- Obair choisctheach le spriocghrúpaí.
- Tacaíocht ghairmiúil don fhoireann teagaisc, m.sh., comhairliúchán.
- Oiliúint inseirbhíse i réimsí éagsúla.
- Freagairt do theagmhas criticiúil
- Tacaíocht do bhaill foirne.

**Bearta Samplacha**

Chuaigh thart ar 1,082 ball foirne i dteagmháil leis an tSeirbhís Tacaíochta Síceolaíochta ar chúiseanna éagsúla, lena n-áirítear comhairliúchán, oiliúint inseirbhíse agus tacaíocht. Chuathas i ngleic le riachtanais tuairim is 226 foghlaimeoir trí idirghabhálacha aonair nó grúpa. Bhí an tSeirbhís ag comhoibriú arís le gníomhaireachtaí seachtracha amhail an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, BOOÉ agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

**Samplaí dá bhfuil Bainte Amach**

- Úsáideadh oiriúnaithe a forbraíodh le linn na paindéime nuair a fuarthas iad a bheith níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla. Baineadh feidhm as timpeallachtaí

ar líne le haghaidh cineálacha áirithe oibre:
    - Seimineáir Ghréasáin
    - Obair aonair
    - Comhairliúcháin.
- Eagraíodh agus éascaíodh seimineár gréasáin náisiúnta do BOOÉ ar Gharchabhair Shíceolaíoch
- Rinneadh tuilleadh forbartha ar an gClár *Changing Minds* agus cuireadh ar fáil é (idirghabháil do dhaoine fásta agus do dhéagóirí don mheabhairshláinte, do scoláirí agus baill foirne):
    - Cuireadh oiliúint ar bhaill foirne bhreise
    - Feabhsaíodh ábhair thacaíochta
    - Forbraíodh pleananna seisiúin agus ábhair le haghaidh grúpaí foghlaimeoirí.
- Reáchtáladh sraith maidir le Freagraí ar Theagmhas Criticiúil
- Ceardlanna ar:
    - Neamhord ar Speictream an Uathachais
    - Timpeallachtaí Trámathreoraithe
    - Neamhoird Itheacháin
- Clár Saibhriúcháin Ionstraimeach Feuerstein don fheabhsú cognaíoch a chur ar fáil.
- Oiliúint do bhaill foirne sa Tástáil Chaighdeánaithe.
- Tugadh tacaíocht do líonra na dtreoirchomhairleoirí.
- Moltaí meabhairshláinte do bhaill foirne BOOÁCDL san eagraíocht ar fad.

Seo sampla den obair ar tugadh fúithi agus an tSeirbhís ag aistriú ar ais chuig an obair ar an láthair, chomh maith le seirbhísí a chur ar fáil ar líne san am céanna de réir mar ba chuí. Bhí cuid de na hidirghabhálacha a cuireadh ar fáil inrochtana do bhaill uile eagraíocht BOOÁCDL agus d'fhoireann BOOÉ ar fud na tíre. I gcás go leor de na tionscnaimh thuasluaite, bhí méid suntasach oibre i gceist ó thaobh taighde, ullmhaithe agus soláthair de.

## PRÍOMHEAGRAÍOCHTAÍ A BHFUIL CAIDREAMH AGAINN LEO

Choinnigh BOOÁCDL comhpháirtíochtaí láidre in 2022 le réimse comhlachtaí oideachais agus le gníomhaireachtaí a thacaíonn le forbairt curaclaim agus leis an bhforbairt ghairmiúil. Áiríodh leis sin, nascadh leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí agus Foireann na Sraithe Sóisearaí.

Lean BOOÁCDL ag obair i dtreo a thosaíochtaí maidir le líonrú straitéiseach agus comhpháirtíochtaí leis na príomhpháirtithe leasmhara. I measc na bpáirtithe leasmhara tá comhlachtaí reachtúla agus poiblí, údaráis áitiúla agus daoine eile a chuireann oideachas agus oiliúint ar fáil, lena n-áirítear eagraíochtaí tathanta, grúpaí pobail, grúpaí neamhbhrabúis, grúpaí deonach agus grúpaí óige. Tá comhpháirtíochtaí straitéiseacha ag BOOÁCDL le fostaithe agus líonraí fiontraíochta áitiúla chun tacú le cláir uasoiliúna agus athoiliúna agus chun iad a éascú don mhargadh saothair áitiúil/réigiúnach, lena n-áirítear tacaíochtaí d'fhostaithe printíseach.

D'fhan an fhoghlaim dhigiteach mar chuid fhíorthábhachtach dár saol in 2022. D'oibrigh BOOÁCDL le saineolaithe an tionscail agus phléigh sé le saineolas ar an tionscal chun tacú le teagasc agus foghlaim faoin na tionscadail agus/nó tionscnaimh seo a leanas:

a) Foghlaim dhigiteach agus comhoibriú trí ainmniú BOOÁCDL ag Apple mar Ionad Oiliúna Réigiúnach - ag tacú le seisiúin FGL fhíorúla rialta do mhúinteoirí agus d'fhoghlaimeoirí ar fud BOOÁCDL.

b) Foghlaim dhigiteach agus comhoibriú lenár gcomhpháirtí straitéiseach 'Wriggle' - ag tacú leis an Tionscadal Connect 1 le 1 lena ndéantar na gnéithe lóistíochta agus riaracháin uile d'úsáid 1 le 1 a lárú.

c) Foghlaim dhigiteach agus comhoibriú le scoileanna 'Big Picture' i dtionscadal ERASMUS chun iniúchadh a dhéanamh ar shamhlacha foghlama malartacha ar fud an domhain.

Chomhoibrigh BOOÁCDL le comhpháirtithe Eorpacha ar thionscadail teanga freisin tríd an **Lárionad Eorpach um Nuatheangacha (ECML)**, Graz, an Ostair. In 2021/22, d'oibrigh BOOÁCDL i gcomhar le **Teangacha Iar-Bhunscoile Éireann** ar thionscadal dar teideal '*An Intercultural Look at our Schools*'. Leagan oiriúnaithe logánaithe atá ann de thionscadal de chuid an Lárionaid Eorpaigh um Nuatheangacha a raibh BOOÁCDL agus Teangacha Iar-Bhunscoile Éireann

páirteach ann dar teideal 'A roadmap for schools to support the language(s) of schooling' (2017-2019). Seoladh suíomh gréasáin an tionscadail go náisiúnta ó Mheán Fómhair 2021, atá ina fhoireann uirlisí le haghaidh féinmheastóireacht scoile agus a thacaíonn le héagsúlacht chultúrtha agus teanga,https://ilaos.ppli.ie/agus tá sé in úsáid ag scoileanna ar fud na tíre ó shin i leith. Ba é seo an chéad uair a rinneadh tionscadal ECML a logánú do thír chomhpháirtíochta agus tharraing sé go leor airde ar fud na hEorpa: https://www.ecml.at/News/TabId/643/ArtMID/2666/ArticleID/2747/ Oiriúnú-acmhainní-ECML-Éire-Seoltaí-Idirchultúrtha-Féach ar-ár-Schools-Toolkit.aspx

Tá BOOÁCDL ina ionad scrúdaithe Údaraithe do Scrúduithe Béarla de chuid **Cambridge Assessment**. Cuireann an caidreamh sin saineolas ar fáil ar réimsí an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe i ndáil leis an mBéarla. Maidir le scoláirí ó chúlra imirceach a fhreastalaíonn ar iar-bhunscoileanna, Ógtheagmháil, Ionaid Oiliúna Speisialta agus Coláistí Breisoideachais, is féidir measúnú a dhéanamh orthu de réir mar is gá trí thairseach um Thriail Socrúcháin Béarla ar líne Cambridge a bhfuil BOOÁCDL údaraithe chun í a riar.

San obair a rinneadh mar pháirtí leasmhar in 2022, áirítear obair a rinneadh i gcomhar leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, an Roinn Oideachais, an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus le SOLAS, agus tuairisciú chucu sin. Rinneadh an méid sin ar fud na gclár agus na seirbhísí ar fad: scoileanna, breisoideachas agus oiliúint, agus cláir agus seirbhísí don óige. Leanadh leis an gcomhaontú idirghníomhaireachta idir BOOÁCDL agus an Roinn Coimirce Sóisialaí in 2022, chun deiseanna oideachais agus oiliúna a chur ar fáil do dhaoine nach bhfuil gníomhach sa mhargadh saothair.

Lean BOOÁCDL lena chuid oibre mar pháirtí leasmhar a rannchuidigh le forbairt eacnamaíoch, chultúrtha agus shóisialta limistéar riaracháin BOOÁCDL, is é sin Comhairlí Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Fhine Gall agus Bhaile Átha Cliath Theas. Tá BOOÁCDL ina chomhalta de Choistí um Fhorbairt Pobail Áitiúil (CFPÁ) na dtrí chomhairle uile agus tacaíonn siad le hobair na gcomhpháirtíochtaí ceantair áitiúil trí oibriú idirghníomhaireachta áitiúil agus ballraíocht ar bhord na gcuideachtaí forbartha áitiúla lena n-áirítear Empower, Comhpháirtíocht Dheisceart Bhaile Átha Cliath agus Comhpháirtíocht Chontae Bhaile Átha Cliath Theas.

I measc an ionchuir eile ó BOOÁCDL mar pháirtí leasmhar in 2022 i dtaca le forbairtí in earnáil an oideachais agus na hoiliúna, bhí ionadaíocht ón mbord ar bhoird rialaithe Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire. Bhíothas ag obair i gcomhar le Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI), go háirithe chun dámhachtainí nua a fhorbairt i réimse an chúraim leanaí.

In 2022, bhí Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire ag obair i gcomhar le líon mór eagraíochtaí agus institiúidí eile trí uaireanta teagaisc nó cúnamh airgeadais a sholáthar, lena n-áirítear:

- Scoil Speisialta Beinin Casa
- An tSeirbhís Náisiúnta Meabhairshláinte Fóiréinsí (Dún Droma & Port Reachrann)
- Naomh Íde, Port Reachrann
- Ceardlann Oiliúna Pobail Dhún Laoghaire
- Tionscadal Deonach, Tamhlacht Thiar
- Grúpa Acmhainní Oideachais Fhine Gall
- Ceardlann Oiliúna Fhine Gall
- Oiliúint Ghinearálta maidir leis an Lucht Siúil
- Ceardlann Oiliúna Pobail Bhaile Rónáin
- Scoil Speisialta Naomh Agaistín
- Tionscadal Lucht Siúil Thamhlachta
- Tionscadal Tivoli, Dún Laoghaire
- Clár Tower, Co. Bhaile Átha Cliath
- Youth Horizons
- Scoil Speisialta na Crannóige Nua
- Aonad Sainchúraim Bhaile Uí Dhúda
- Ionad Coinneála Bhaile an Oibricigh

Choinnigh agus neartaigh BOOÁCDL a chaidreamh le Seirbhísí Comhroinnte ESBS freisin, agus leanadh leis an gcóras párolla a fhorbairt agus le híocaíochtaí foghlaimeoirí a aistriú agus lenár bpacáiste airgeadais a uasghrádú.

# 6

Aguisín:

A - An Fhoireann Ardbhainistíochta, Scoileanna, Coláistí IAT, Ionaid Oideachais agus Róil & Seirbhísí Tacaíochta

**B** – Coistí BOO

C- Scoileanna Pobail a bhfuil BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire ar a mBord Bainistíochta mar Chomhphátrún

D- Rannpháirtíocht foghlaimeoirí nó tairbhithe i gcúrsaí BOaO

Giorrúcháin

# AGUISÍNÍ

## AGUISÍN A

**Foireann Ardbhainistíochta BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire, Scoileanna, Coláistí IAT, Ionaid Oideachais agus Róil agus Seirbhísí Tacaíochta**

**An Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí**

Caitríona Murphy, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Gníomhach

Debbie Howlett, an Stiúrthóir Gníomhach Eagraíochta, Tacaíochta agus Forbartha

Adrian Flynn, Stiúrthóir Scoileanna

Nichola Spokes, an Stiúrthóir Scoileanna (Lúnasa go Nollaig 2022)

Noel Kelly, Stiúrthóir Gníomhach na Scoileanna (Eanáir go Lúnasa 2022)

Siobhan Lynch, Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna Gníomhach

**Scoileanna Náisiúnta Pobail**

Scoil Choilm

Scoil Chormaic

Scoil Ghráinne

P.S.N. Leamhcáin

Scoil Aoife

S.N.P. Iarthar na Cathrach agus Theach Sagard

P.S.N. an Mhóinéir Leathain

P.S.N. Ghleann na hAbhann

P.S.N. Thamhlachta

**Coláistí Pobail Ainmnithe**

Coláiste Pobail Chaisleán Cnucha

Coláiste Cois Life

Coláiste Pobail Pháirc Bhaile Choilín (a chuireann BO ar fáil freisin)

Coláiste Pobail Ráth an Deagánaigh (a chuireann BO ar fáil freisin)

Coláiste Pobail Theach na Giúise

Gaelcholáiste Reachrann

Coláiste Pobail na Gráinsí (a chuireann BO ar fáil freisin)

Coláiste Pobail an Ghrífín

Coláiste Pobail na Ciseoige
Coláiste Pobail Mhóin Seiscinn (a chuireann BO ar fáil freisin)
Coláiste Pobail Ghleanntán na hAbhann
Coláiste Pobail Chaoimhín (a chuireann BO ar fáil freisin)
Coláiste Pobail Mhic Dara
Coláiste Pobail na Sceirí

**Coláistí Pobail nach bhfuil Ainmnithe**

Coláiste Pobail Bhaile Adaim
Coláiste Pobail Ard Giolláin
Coláiste Pobail Bhaile Brigín
Coláiste Chillian
Coláiste Pobail Fóla
Coláiste de hÍde
Coláiste Pobail Setanta
Coláiste Pobail Dhomhnach Bat
Coláiste Pobail Ériu
Coláiste Pobail Fhine Gall
Coláiste na nGlaschnoc (a chuireann BO ar fáil freisin)
Coláiste Pobail Choill an Rí
Coláiste Pobail Leamhcáin
Coláiste Pobail Lusca
Coláiste Pobail Bhaile Lotrail
Coláiste Pobail Fhionáin
Coláiste Pobail Shoird

**Scoileanna Speisialta**

Scoil Speisialta Phobail Dhanu
Aonad Sainchúraim Scoile na Crannóige Nua
Aonad Sainchúraim Scoile Bhaile Uí Dhúda

**Coláistí Breisoideachais IAT**

Institiúid Bhreisoideachais na Carraige Duibhe
Institiúid Bhreisoideachais Dhún Laoghaire
Coláiste Breisoideachais Dhún Droma

Coláiste Breisoideachais an Naigín
Coláiste Breisoideachais Stigh Lorgan

**Ionaid Oideachais agus Oiliúna**
Ionad Oiliúna Bhaile Uí Lachnáin
Ionad Oiliúna Bhaile Dúill
Ionad Oiliúna Thamhlachta

**Ionaid Choinneála**
Ionad Oideachais Bhaile an Oibricigh

**Seirbhísí Oideachais Aosaigh**
Baile Átha Cliath Thoir Thuaidh
Baile Átha Cliath Thiar Thuaidh
Baile Átha Cliath Thoir Theas
Baile Átha Cliath Thiar Theas

**Ionaid Ógtheagmhála**
Ionad Ógtheagmhála Bhaile Brigín
Ionad Ógtheagmhála Bhaile Bhlainséir
Ionad Ógtheagmhála Chluain Dolcáin
Ionad Ógtheagmhála Leamhcáin
Ionad Ógtheagmhála na Prióireachta
Ionad Ógtheagmhála Ráth Fearnáin
Ionad Ógtheagmhála an Rois
An tIonad Spóirt Ógtheagmhála
Ionad Ógtheagmhála Shoird
Ionad Ógtheagmhála Thamhlachta
An tAonad um Thacaíocht agus Oiliúint don Ógra

**Róil agus Seirbhísí Tacaíochta**
Seirbhísí Treorach d'Aosaigh
Oifigeach Forbartha Contae don Óige
Oifigeach Forbartha do FGL, TFO agus SDOG

Oifigeach Forbartha do Bhéarla do Chainteoirí Teangacha Eile (BCTE)
Oifigeach Forbartha do Dhearbhú Cáilíochta (DC)
Oifigeach Forbartha do Thaighde agus Seirbhísí Litearthachta
An tSeirbhís Tacaíochta Síceolaíochta (STS)
Comhordaitheoir Réigiúnach Seirbhísí Ógtheagmhála agus Ionad Oiliúna do Thaistealaithe.

Tá na sonraí ar fad faoi gach ceann de na nithe thuas le fáil ar láithreán gréasáin BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire: www.ddletb.ie

## AGUISÍN B

**Coistí an BOO:**
An Coiste Airgeadais
An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca
An Coiste Óige agus Spórt
Coistí Ógtheagmhála

## AGUISÍN C

**Scoileanna Pobail a bhfuil BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire ar a mBord Bainistíochta mar Chomhphátrún:**
Scoil Phobail Naomh Tiarnáin
Scoil Phobail Bhaile an tSaoir
Scoil Phobail Bhaile an Bhlácaigh
Coláiste Pobail Aodháin
Scoil Phobail Chábán tSíle
Scoil Phobail Chúil Mhín
Scoil Phobail Thobar an Domhnaigh
Scoil Phobail Bhaile an Hartaigh
Scoil Phobail an Teaghlaigh Naofa, Ráth Cúil
Scoil Phobail Chill an Ardáin
Scoil Phobail Chnoc Lín
Scoil Phobail Mhullach Íde
Scoil Phobail an tSeanbhábhúin

Scoil Phobail Bhaile Phámar

Scoil Phobail Phort Mearnóg

Scoil Phobail Mharcais

Scoil Phobail Thamhlachta

**Scoileanna Cuimsitheacha a bhfuil an POF ar a mBord:**

Scoil Chuimsitheach na Páirce Nua

## AGUISÍN D

Tábla 1: Rannpháirtíocht foghlaimeoirí nó tairbhithe i gcúrsaí BOaO

| An Cineál Soláthair | An líon tairbhithe sa BOaO in 2022[2] | Líon foghlaimeoirí BOaO in 2022 |
|---|---|---|
| **Soláthar lánaimseartha** | | |
| Printíseacht 2016+ | 172 | 172 |
| Oiliúint Phrintíseachta | 1,490 | 1,490 |

[2] 1 Is éard is líon na dtairbhithe ann ná an líon iomlán foghlaimeoirí á iolrú faoin líon cúrsaí a raibh siad páirteach iontu le linn 2022

| | | |
|---|---|---|
| Oiliúint Nasctha | 348 | 320 |
| Ionaid Oiliúna Phobail | 206 | 185 |
| Ceardlann um Cheartas | 49 | 47 |
| Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla | 260 | 253 |
| IAT | 4,402 | 3,976 |
| IAT roimh Phrintíseacht | 69 | 58 |
| Soláthraithe Oiliúna Speisialaithe | 321 | 289 |
| Oiliúint i Scileanna Sonracha | 1,668 | 1,507 |
| Cúrsaí Oiliúna: Fostaithe | 1,072 | 867 |
| Cúrsaí Oiliúna | 121 | 97 |
| Bunchúrsaí SDOG | 282 | 230 |
| Ógtheagmháil | 560 | 404 |
| **IOMLÁN LÁNAIMSEARTHA** | **11,020** | **9,895** |
| **Soláthar páirtaimseartha** | | |
| Grúpaí Litearthachta d'Aosaigh | 1,906 | 1,144 |
| Grúpaí de chuid an Tionscnaimh um Fhilleadh ar Oideachas | 2,816 | 1,704 |
| Oideachas Pobail | 5,306 | 2,718 |
| Ríomh-Choláiste | 38 | 38 |
| BCTE | 4,767 | 2,637 |
| Oiliúint Tráthnóna | 1,295 | 1,169 |
| Uaireanta Comhair BOaO | 70 | 63 |

| | | |
|---|---|---|
| DTOBA | 380 | 215 |
| Scileanna Oibre | 410 | 324 |
| Scileanna le dul chun cinn a dhéanamh | 1,439 | 1,304 |
| Maoiniú Eile | 4 | 4 |
| **IOMLÁN PÁIRTAIMSEARTHA** | **18,431** | **11,320** |
| **IOMLÁN** | **29,451** | **21,215** |

## GIORRÚCHÁIN

| | |
|---|---|
| CFM | Clár Foghlama Malartach |
| TFO | An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas |
| ARCC | An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste |
| CP | Coláiste Pobail |
| POF | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin |
| Clr | Comhairleoir |
| PSN | Pobalscoil Náisiúnta |
| Co. Co. | Comhairle Contae |
| FGL | Forbairt Ghairmiúil Leanúnach |
| DEIS | Comhdheiseanna a Sholáthar i Scoileanna |
| RO | An Roinn Oideachais |
| BOOÁCDL | Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire |
| BTB | Béarla mar Theanga Bhreise |

| | |
|---|---|
| BCTE | Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile |
| BOO | Bord Oideachais agus Oiliúna |
| BOOÉ | Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann |
| BO | Breisoideachas |
| BOAO | Breisoideachas agus Oiliúint |
| AD | Acmhainní Daonna |
| TFC | Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide |
| DTOBA | Dianteagasc san Oideachas Bunata Aosach |
| ÁNLA | An Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh |
| SNSO | An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais |
| TFE | Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta |
| IAT | Iar-Ardteistiméireacht |
| STS | An tSeirbhís Tacaíochta Síceolaíochta (STS) |
| DC | Dearbhú Cáilíochta |
| QQI | Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann |
| CCÁCT | Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas |
| SOLAS | Seirbhísí Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna |
| FCT | Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta |